An Oifig Achomhairc Talmhaíochta


Agriculture Appeals Office

# 2018

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# na

# HOIFIGE ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA



**Don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara,**

**An tUasal Michael Creed T.D.**

De réir fhorálacha Alt 14(1) den Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, cuirtear Taurascáil na hOifige Achomhairc Talmhaíochta i láthair.

Angela Robinson
An Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta
An 16 Bealtaine 2019

*An Oifig Achomhairc Talmhaíochta*
*Cúirt Choill Mhinsí*
*Bóthar Bhaile Átha Cliath*
*Port Laoise*
*Co. Laoise*
*R32 DTW5*

*Teileafón:* *057 8631900 nó Glao Áitiúil 076 106 4418*
*Facs:* *057 8667177*
*Ríomhphost:* *appeals@agriappeals.gov.ie*
*Suíomh Gréasáin:* *www.agriappeals.gov.ie*

*Tá an Tuarascáil seo ar fáil freisin i mBéarla, ach é a iarraidh.*

| Clár na nÁbhar | | Leathanach |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá an Stiúrthóra Achomhairc Talmhaíochta | 4-6 |
| 2 | Forléargas ar an Oifig Achomhairc Talmhaíochta | 7-9 |
| 3 | Staitistic maidir le hAchomhairc Talmhaíochta ar déileáladh leo in 2018 | 10-29 |
| 3.1 | *Achomhairc faighte in aghaidh na bliana* | 10 |
| 3.2 | *Achomhairc faighte in aghaidh na míosa* | 11 |
| 3.3 | *Achomhairc faighte in aghaidh an chontae* | 12 |
| 3.4 | *Achomhairc faighte in aghaidh na scéime* | 13-14 |
| 3.5 | *Comparáid idir achomhairc faighte in aghaidh na scéime in 2018 agus 2017* | 14-15 |
| 3.6 | *Líon na nAchomharc dúnta* | 15-16 |
| 3.7 | *Toradh na n-achomharc dúnta* | 16-23 |
| 3.8 | *Tréimhse ama chun doiciméid Roinne a fháil* | 24 |
| 3.9 | *Méid ama a thóg sé achomhairc a chinneadh* | 25 |
| 3.10 | *Líon na nÉisteachtaí ó Bhéal* | 25 |
| 3.11 | *I ndiaidh an spriocdháta – achomhairc faighte i ndiaidh an spriocdháta* | 26 |
| 3.12 | *Seasamh ag deireadh na bliana* | 26-27 |
| 3.13 | *Oifig an Ombudsman* | 27 |
| 3.14 | *Saoráil Faisnéise* | 27 |
| 3.15 | *Dlíthíocht* | 27 |
| 3.16 | *Iarratais ar Athbhreithniú ar chinntí Oifigeach Achomhairc* | 28 |
| 4 | Gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hachomhairc atá curtha i gcrích ag an Oifig | 29-30 |
| 5 | Rogha Oifigeach Achomhairc ar Shamplaí de chásanna Achomhairc ar déileáladh leo in 2018 | 31-45 |
| 6 | Moltaí don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 46-47 |
| 7 | Moltaí do Rannpháirtithe Scéime | 48-52 |
| | *Aguisíní* | 53-72 |
| A | Cairt Eagraíochta | 54 |

| | | |
|---|---|---|
| B | An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 | 55-66 |
| C | IR. 193/2002, Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002 | 67-71 |
| D | Reachtaíocht ábhartha eile | 72 |

## 1. Réamhrá

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Achomhairc Talmhaíochta do 2018 a chur i láthair.

Is é príomhfheidhm na tuarascála seo cheanglais Alt 14 d'Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 a chomhlíonadh, arna leasú, trí ghníomhaíochtaí na hOifige in 2018 a thuairisciú don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Déantar iarracht sa tuarascáil chomh maith faisnéis úsáideach a chur ar fáil d'iarratasóirí scéime, don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus do pháirtithe leasmhara eile.

Seo a leanas misean na hOifige:

> "*seirbhís achomhairc neamhspleách, inrochtana, cothrom agus tráthúil a chur ar fáil d'iarratasóirí Scéime faoi Scéimeanna ainmnithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an tseirbhís sin a chur ar fáil go héifeachtach agus go cúirtéiseach*."

Áirítear sa tuarascáil bhliantúil seo a leanas:

- eolas staitistiúil maidir leis na hachomhairc ar dhéileáil an Oifig leo in 2018
- forléargas ar na gníomhaíochtaí achomhairc a rinne an Oifig i rith 2018
- tuairiscí curtha ar fáil ag Oifigigh Achomhairc maidir le roinnt cásanna samplacha a ndearnadh cinneadh ina leith in 2018
- moltaí don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun próisis a fheabhsú, agus,
- moltaí do rannpháirtithe scéime a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun feasacht ar na saincheisteanna scéime a thagann chun solais a fheabhsú.

Fuarthas 556 achomharc in 2018, méadú 13% i gcomparáid le 2017.

Bhain an líon is mó achomharc a fuarthas in 2018 leis an Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS).

Seo a leanas toradh na n-achomharc ar fad a dúnadh in 2018:

- ceadaíodh, ceadaíodh i bpáirt, nó rinneadh athbhreithniú ar chinneadh na Roinne i ndiaidh an t-achomharc a chur faoi bhráid na hOifige seo, i gcás 39% de na hachomhairc,
- dícheadaíodh 45% d'achomhairc , agus
- aistarraingíodh 16% d'achomhairc , bhí siad neamhbhailí nó fuarthas iad i ndiaidh an spriocdháta 3 mhí.

As measc an 45% d'achomhairc dícheadaithe, bhain a bhformhór le hachomhairc i gcoinne chinntí GLAS.

Is é feidhm an Oifigigh Achomhairc cinneadh a dhéanamh maidir le hachomharc i gcoinne chinneadh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, a bhaineann le scéimeanna a áirítear sa Sceideal leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, arna leasú. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar Oifigigh Achomhairc a bheith neamhspleách le linn dóibh a bhfeidhmeanna a fheidhmiú nuair a bhíonn achomhairc talmhaíochta á gcinneadh acu, cloí le rialacha na scéime agus aird a thabhairt ar phrionsabail an cheartais aiceanta. Déileálann rannóg Riaracháin na hOifige le gach gné riaracháin den tseirbhís achomhairc.

In 2018, bhunaigh an tAire Coiste Achomhairc Foraoiseachta (CAF) chun achomhairc i gcoinne na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhain le hiarratais ar cheadúnais foraoiseachta a bhreithniú. Tá stádas reachtúil ar leith ag CAF i gcomparáid leis an bhfeidhm Achomhairc Talmhaíochta. Sannadh na feidhmeanna iomlána riaracháin agus tacaíocht rúnaíochta do phróiseas achomhairc CAF don Oifig Achomhairc Talmhaíochta, áfach. Lena chois sin, in 2018, cheap an tAire Oifigigh Achomhairc le bheith ina mbaill de CAF agus éilíonn sé seo orthu, chuige sin, feidhm reachtúil ar leith sa bhreis ar a bhfeidhm a chur i gcrích chun

achomhairc faoin Scéim Talmhaíochta a chinneadh. In 2017 agus 2018 fuair an Oifig 231 achomharc maidir le ceadúnas foraoiseachta. Cé go bhfuil roinnt sonraí sa tuarascáil seo maidir le hachomhairc CAF, tá feidhm reachtúil ar leith ag CAF tuairisciú don Aire maidir lena ghníomhaíochtaí.

Bhí líon iomlán na n-achomharc Talmhaíochta a dúnadh in 2018 cothrom le 520, líon a bhí 26% níos ísle ná líon na n-achomharc a dúnadh in 2017. Is féidir an laghdú i líon na gcásanna achomhairc Talmhaíochta a dúnadh in 2018 i gcomparáid le 2017 a mhíniú mar seo a leanas - bhí breis oibre achomhairc foraoiseachta sannta don Oifig in 2018 agus bhí folúntais san Oifig. Chomh maith leis sin, chuir na fachtóirí seo leis an méid ama a thóg sé iarratais ar athbhreithnithe ar chinntí an Oifigigh Achomhairc a chur i gcrích. Tá an éifeacht atá ag an obair bhreise ar chumas na hOifige leanúint ar aghaidh ag déileáil go héifeachtach le hachomhairc á hathbhreithniú ar bhonn leanúnach. Bhí mé ag obair go gníomhach leis an Rannán Acmhainní Daonna agus táim dóchasach go ndéileálfar go dearfach leis na riachtanais acmhainní atá aitheanta.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Chathaoirleach CAF, an tUasal Bart Brady, as an idirghníomhaíocht agus comhairliúchán dearfach leis an Oifig seo maidir le leithdháileadh comhroinnte acmhainní a theastaíonn chun an tseirbhís nua achomhairc ceadúnais foraoiseachta a chur chun feidhme.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag mo chomhghleacaithe san Oifig Achomhairc, iad siúd a d'fhág an Oifig i rith 2018 ina measc. I rith na bliana lean foireann na hOifige Achomhairc lena dtiomantas láidir dá gcuid oibre agus le seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí. Is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go háirithe as tabhairt faoi na dualgais bhreise a d'eascair as an tseirbhís nua achomhairc ceadúnais foraoiseachta.

Tá an tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta: www.agriappeals.gov.ie

Angela Robinson

An Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta

## 2. FORLÉARGAS AR AN OIFIG ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA

### 2.1. Forléargas ar an tSeirbhís Achomhairc Talmhaíochta

Bunaíodh an Oifig Achomhairc Talmhaíochta in 2002. Tá bonn reachtúil leis an bpróiseas achomhairc atá á chur ar fáil ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta: an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta 2001, arna leasú, i dteannta le Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002, ina leagtar síos feidhmeanna an Stiúrthóra agus na nOifigeach Achomhairc, agus gur féidir cinntí na scéime a achomharc. Tá Oifigigh Achomharc neamhspleách faoin Acht.

Ar aon dul lena ráiteas misin, tá sé mar aidhm ag an Oifig a bheith cairdiúil le cliaint agus an tseirbhís a chur ar fáil go cúirtéiseach agus go héifeachtach. Ceann de phríomhghnéithe na seirbhíse achomhairc é ceart Achomharcóra éisteacht ó bhéal a thionscnamh sa chás go dtugann an tOifigeach Achomhairc an tAchomharcóir agus an t-oifigeach/na hoifigigh Roinne le chéile chun dhá thaobh cáis a éisteacht agus chun ceisteanna a chur. I ndiaidh fíricí uile cáis a bhreithniú, eisíonn an tOifigeach Achomhairc litreacha cuimsitheacha cinnidh don Achomharcóir agus don Roinn.

### 2.2. Lámhleabhar Nósanna Imeachta

Faoi Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tá oibleagáid dhlíthiúil ar an Oifig Achomhairc Talmhaíochta Lámhleabhar Nósanna Imeachta a ullmhú ina n-áirítear faisnéis faoi na próisis atá á leanúint ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta. Tá an Lámhleabhar Nósanna Imeachta le fáil ar an suíomh gréasáin, www.agriappeals.gov.ie agus áirítear ann an méid seo a leanas:

- Struchtúr, eagrú, ainmneacha agus teidil ball foirne
- Feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais
- Rialacha agus treoirlínte
- Nósanna imeachta oifige
- Aicmí taifead atá á gcoimeád agus na socruithe rochtana
- Cearta athbhreithnithe agus achomhairc lena n-áirítear cearta athbhreithnithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## 2.3. Forléargas ar an Nós Imeachta Achomhairc

- Ní mór d'iarratasóirí scéime atá míshásta le cinneadh scéime atá déanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ("an Roinn") foirm 'Fógra Achomhairc' a chomhlánú agus an fhoirm a sheoladh chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta.
- Tá trí mhí ag iarratasóirí ó dháta chinneadh na Roinne chun achomharc a thaisceadh san Oifig. Ní ghlacfaidh an Stiúrthóir le hachomharc a fhaightear i ndiaidh trí mhí ach má bhí imthosca eisceachtúla mar bhonn leis an teip an spriocdháta a chomhlíonadh.
- Go ginearálta, déileáiltear le hachomhairc san ord ina bhfaightear iad.
- Nuair a fhaightear achomharc, cuireann an Oifig Achomhairc forais achomhairc an achomharcóra ar aghaidh chuig an Roinn i dteannta le hiarratas ar an gcomhad ábhartha agus ráiteas a fhreagraíonn d'fhorais an Achomharcóra. Ina dhiaidh sin, cuirtear ráiteas na Roinne maidir le forais achomhairc an Achomharcóra ar aghaidh chuig an Achomharcóir.
- Nuair a fhaigheann an Stiúrthóir comhad agus ráiteas na Roinne, déanann sé/sí an cás a shannadh d'Oifigeach Achomhairc.
- Tá achomharcóirí i dteideal éisteacht ó bhéal mar chuid dá n-achomharc. Tá sé mar aidhm ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta éisteachtaí ó bhéal a reáchtáil i suíomh atá áisiúil don Achomharcóir, áit ar féidir, agus grúp-éisteachtaí ó bhéal ionas go mbeidh roinnt éisteachtaí á reáchtáil ag Oifigeach Achomhairc ar an lá céanna i réigiún ar leith.

  Seo a leanas na príomhghnéithe a bhaineann le héisteacht ó bhéal:

  - reáchtáiltear an éisteacht go príobháideach,
  - tá an éisteacht neamhfhoirmiúil,

- tá an tAchomharcóir i láthair,
- déantar ionadaíocht ar an Roinn,
- is féidir leis an Achomharcóir ionadaithe a thabhairt leis/léi.

- Breithníonn an tOifigeach Achomhairc an fhianaise ar fad ón Roinn agus ón Achomharcóir ina hiomláine lena n-áirítear aon fhianaise a chuirtear i láthair ag éisteacht ó bhéal. Déanann an tOifigeach Achomhairc cinneadh maidir leis an achomharc agus cuireann sé an cinneadh in iúl don Achomharcóir i scríbhinn, agus sonraítear na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin. Cuirfear an cinneadh in iúl don Roinn chomh maith.
- Féadfaidh Oifigeach Achomhairc athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh Oifigigh Achomhairc má tá an chuma ar an scéal go raibh an cinneadh mícheart bunaithe ar fhianaise nua nó fíricí nua a cuireadh faoina b(h)ráid ón dáta a ndearnadh an cinneadh.
- Ar iarratas ón Roinn nó ón Achomharcóir, féadfaidh an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta cinneadh Oifigigh Achomhairc a athbhreithniú sa chás go bhfuil sé bunaithe aige nó aici go ndearnadh botún i ndáil leis an dlí nó le fíricí an cháis.
- Ní choisceann achomharc chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta Achomharcóir óna c(h)ás a ardú le hOifig an Ombudsman nó leis an Ardchúirt ar phonc dlí.

## 2.4. Plean Gnó

**Is é Plean Gnó 2018 an bonn d'obair na hOifige agus tá sé faoi réir athbhreithniú rialta. Déantar monatóireacht rialta ar spriocanna sa phlean gnó.**

## 2.5. Suíomh gréasáin agus ríomhphost

Is féidir le hachomharcóirí Nóta Faisnéise an Nóis Imeachta Achomhairc agus an fhoirm "Fógra Achomhairc' a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na hOifige Achomhairc www.agriappeals.gov.ie. Is féidir achomhairc a thaisceadh ar líne trí ríomhphost a sheoladh chuig: appeals@agriappeals.gov.ie


## 3. STAITISTIC MAIDIR LE hACHOMHAIRC AR DÉILEÁLADH LEO IN 2018

Tá staitistic maidir leis an líon achomharc le fáil sna táblaí agus graif thíos.

### 3.1. Achomhairc Talmhaíochta Faighte In Aghaidh na Bliana


Fuarthas 556 achomharc ar fad in 2018, laghdú 13% i gcomparáid leis an 638 achomharc a fuarthas in 2017.

Tá líon na n-achomharc a fuarthas in 2018 níos ísle ná an meán bliantúil 10 mbliana de 720 achomharc, mar a léirítear sa tábla seo a leanas:



## 3.2. Achomhairc Faighte In Aghaidh na Míosa

Maidir le huainiú fáil achomharc i rith na bliana, go ginearálta tá sé seo nasctha le roinnt athróg lena n-áirítear dáta fála na n-iarratas scéime, dáta iniúchta/thorthaí na Roinne, agus dáta chinneadh deiridh na Roinne. Taispeántar sa tábla thíos líon na n-achomharc a fuarthas in aghaidh na míosa in 2018 i gcomparáid le 2017.





Mar a thugtar le fios sa Tábla, fuarthas an líon is airde achomharc i rith na bliana i mí Iúil 2018. Bhain formhór na n-achomharc sin le GLAS.

Maidir leis an líon níos airde achomharc a fuarthas in Eanáir 2017 i gcomparáid le hEanáir 2018, leasaíodh an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, in Eanáir 2017 chun cead a thabhairt don Oifig glacadh le hachomhairc i gcoinne chinntí na Roinne a bhain le leithdháileadh teidlíochtaí faoin Scéim Bhunúsach Íocaíochta (SBÍ). Roimh an leasú seo, ní fhéadfaí achomhairc a sheoladh chuig an Oifig seo.

Dá bharr sin, bhain formhór na n-achomharc a fuarthas in Eanáir 2017 le riaráiste achomharc a bhain le teidlíochtaí SBÍ.

## 3.3. Achomhairc Faighte In Aghaidh an Chontae

D'fhéadfadh go mbeadh athrú le tabhairt faoi deara i líon na n-achomharc a fhaightear in aghaidh an chontae le haghaidh roinnt cúiseanna lena n-áirítear méid na n-iarratas agus uainiú agus líon na n-iniúchtaí.





Mar a thaispeántar sa ghraf thuas, in 2018 fuarthas an líon is mó achomharc ó achomharcóirí i gCo. na Gaillimhe (63 achomharc) agus i gCo. Chiarraí (51 achomharc).

In 2017, tháinig an líon is mó achomharc ó Cho. na Gaillimhe freisin, agus ó Cho. Chorcaí.

## 3.4. Achomhairc Faighte in Aghaidh na Scéime

Taispeántar sa tábla eolas maidir le hachomhairc faighte in aghaidh na Scéime agus ní áirítear ann ach Scéimeanna ina bhfuarthas níos mó ná 10 n-achomharc, a bhí cothrom le 484 achomharc as an 556 achomharc a fuarthas in 2018.




Bhain an líon is mó achomharc a fuarthas in 2018 leis na scéimeanna seo a leanas:

- *GLAS* (25% de gach achomharc faighte)
- *Scéim Bhunúsach Íocaíochta (SBÍ)* (12% de gach achomharc faighte )
- *Tras-Chomhlíonadh*[1] *do SBÍ*

[1] Áirítear i dTras-Chomhlíonadh dhá phríomhghné: ceanglas d'fheirmeoirí 13 Ceanglas Bainistíochta Reachtúil (CBRanna) a

*agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile* (8% de na hachomhairc ar fad a fuarthas)

Áiríodh i measc na bpríomh-shaincheisteanna a bhain leis na trí scéim leis an líon is airde achomharc an méid seo a leanas:

**GLAS:**

- Gníomhaíocht Féaraigh Bhuain Ionchuir Ísil: gan buaibhigh faoi úinéireacht; dáileachtaí talún nach bhfuil arna n-éileamh mar fhéarach buan sna blianta roimhe sin;
- Cosaint Sruthchúrsaí ó ghníomhaíocht Buaibheach;
- Ní raibh aon bhuaibhigh ar an bhfeirm do thréimhse an chonartha; fálú uireasach ar shruthchúrsaí;
- Níor cuireadh an Plean Cothaitheach Feirme ar fáil de réir mar is gá.

**Scéim Bhunúsach Íocaíochta:**

- Talamh neamh-incháilithe mar gheall ar fhálú neamhbhuan stocdhíonach;
- Laghduithe uireasacha do scrobarnach, crainn;
- Ní raibh aon ghníomhaíocht talmhaíochta ar dháileachtaí talún.

**Scéim Bhunúsach Íocaíochta/Tras-Chomhlíonadh Limistéar a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu:**

- Saincheisteanna Clibeála agus Clárúcháin – ainmhithe nach raibh clibeáilte agus cláraithe faoin dáta riachtanach;
- Teip taifid maidir le níotráit a chur ar aghaidh de réir mar is gá;
- Baint gnéithe tírdhreacha.

## 3.5. Comparáid idir Achomhairc Faighte in Aghaidh na Scéime in 2018 agus 2017

D'fhéadfadh go mbeadh baint ag na cúiseanna leis na difríochtaí i líon na n-achomharc in aghaidh na scéime gach bliain le roinnt fachtóirí lena n-áirítear tús a bheith curtha le scéimeanna nua, scéimeanna níos sine a bheith dúnta, uainiú agus líon na n-iarratas, uainiú agus líon na n-iniúchtaí, an cineál pionóis forchuirthe, agus dáta chinneadh deiridh na Roinne. Taispeántar sa tábla thíos an chomparáid idir líon na n-achomharc faighte in 2018 agus 2017 le haghaidh roinnt scéimeanna.

| **An 10 Scéim is mó achomharctha in 2018** | | **An 10 Scéim is mó achomharctha in 2017** | |
|---|---|---|---|
| **ID na Scéime** | **Líon na n-achomharc** | **ID na Scéime** | **Líon na n-achomharc** |
| GLAS | 139 | Clár um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola | 110 |
| Scéim Bhunúsach Íocaíochta | 67 | Scéim Bhunúsach Íocaíochta - Cúlchiste Náisiúnta | 79 |
| Tras-Chomhlíonadh - Scéim Bhunúsach Íocaíochta/Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile | 43 | GLAS | 79 |
| Clár um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola | 39 | Tras-Chomhlíonadh - Scéim Bhunúsach Íocaíochta/Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu agus Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile | 58 |
| Scéim Bhunúsach Íocaíochta - Géilleadh Teidlíochtaí | 36 | Scéim Bhunúsach Íocaíochta - Scéim Maolaithe na hAlban | 47 |
| Scéim um Leas Caorach | 32 | Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu | 41 |
| Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu | 25 | An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta | 39 |
| Scéim Bhunúsach Íocaíochta – Riarachán - Níotráit | 21 | Scéim Bhunúsach Íocaíochta | 30 |
| Scéim Feirmeoireachta Orgánaí | 15 | Scéim Bhunúsach Íocaíochta – Riarachán - Níotráit | 30 |
| An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (SRCT) | 17 | Scéim na bhFeirmeoirí Óga | 17 |

## 3.6. Líon na nAchomharc Dúnta

Dúnadh 520 cás achomhairc in 2018. I gcomparáid leis sin, dúnadh 707 cás in 2017. Áiríodh i measc na gcásanna dúnta achomhairc a fuarthas in 2018 agus i mblianta roimhe sin mar a leagtar amach sa Tábla seo a leanas:

| An bhliain ina bhfuarthas an t-achomharc | Líon na nAchomharc Dúnta in 2018 |
|---|---|
| 2018 | 337 |
| 2017 | 167 |
| 2016 | 13 |
| 2015 | 2 |
| 2014 | 1 |
| Iomlán | 520 |

I measc na gcúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le hachomhairc a bheith á dtabhairt ar aghaidh tá uainiú fháil an achomhairc (i.e. faighte gar do dheireadh na bliana roimhe), moill a bheith ar na hachomharcóirí agus/nó RTIM ag cur eolais bhreise a iarradh ar fáil, a bheith ar fáil chun freastal ar éisteachtaí ó bhéal, castacht an achomhairc, gá a bheith le comhairle dlí maidir le nithe a bhaineann leis an achomharc agus imeachtaí dlí a bhaineann le hachomharc.

Maidir le laghdú ar líon na n-achomharc a dúnadh in 2018 i gcomparáid le 2017, tá sé ábhartha a lua gur sannadh feidhmeanna suntasacha breise don Oifig seo agus d'Oifigigh Achomhairc in 2018 nuair a sannadh cur chun feidhme na seirbhíse nua achomhairc ceadúnais foraoiseachta don Oifig. Tá breis sonraí maidir le líon na n-achomharc ceadúnais foraoiseachta a fuarthas agus a dúnadh le fáil i rannóg 4 den tuarascáil seo. Tá sé ábhartha a lua freisin go raibh roinnt folúntas d'Oifigigh Achomhairc ann. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chumas na hOifige déileáil leis an méadú ar an ualach oibre agus déantar comhairliúchán rialta leis an Rannán Acmhainní Daonna maidir le hiarratais ar acmhainní.

## 3.7. Toradh na nAchomharc Dúnta in 2018

Éilítear sa reachtaíocht Achomhairc Talmhaíochta go mbeidh Oifigigh Achomhairc neamhspleách nuair a bhíonn a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu agus go mbeidh aon reachtaíocht, téarmaí, coinníollacha agus treoirlínte a bhaineann leis na scéimeanna á gcomhlíonadh acu agus go mbeidh aird acu ar phrionsabail an cheartais aiceanta nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh acu. Tá roinnt torthaí féideartha ar achomhairc a ndéantar cur síos orthu thíos.

### *3.7.1. Téarmaíocht a bhaineann le Toradh Achomharc*

Tá toradh achomharc curtha i gcatagóirí ag úsáid na téarmaíochta seo a leanas:

**Achomharc Ceadaithe** Áirítear sa chatagóir seo cásanna ina gcinneann an tOifigeach Achomhairc, i ndiaidh an cás a cuireadh chun cinn a bhreithniú, gur cheart cinneadh na Roinne smachtbhanna a fhorchur a chur ar ceal.

**Ceadaithe i bPáirt** Áirítear sa chatagóir seo cásanna ina gcinneann Oifigeach Achomhairc gur cheart go mbeadh pionós/smachtbhanna níos lú nó athbhreithnithe ná mar atá forchurtha ag an Roinn i bhfeidhm.


**Athbhreithnithe ag an Roinn** Áirítear sa chatagóir seo cásanna inar athbhreithnigh an Roinn a cinneadh bunaidh ar chúiseanna a bhféadfaí a áireamh iontu faisnéis bhreise curtha ar fáil ag an Achomharcóir don Oifig Achomhairc Talmhaíochta, faisnéis a cuireadh ar fáil ag éisteachtaí ó bhéal agus/nó mar thoradh ar cheisteanna sonracha curtha ag an Oifig Achomhairc.

**Neamhbhailí** Áirítear sa chatagóir seo achomhairc ar nithe nach mbaineann leis an Oifig Achomhairc Talmhaíochta, e.g. Scéimeanna nach bhfuil liostaithe sa Sceideal leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta agus cásanna nuair nach ann do chinneadh Roinne atá ábhartha don achomharc.

**I ndiaidh an spriocdháta** Áirítear sa chatagóir seo Achomhairc a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta trí mhí ó dháta chinneadh na Roinne.

**Achomharc Dícheadaithe** Áirítear sa chatagóir seo cásanna ina gcinneann an tOifigeach Achomhairc, i ndiaidh an cás agus an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhreithniú, nach gá an smachtbhanna atá forchurtha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a chealú mar gheall ar fhorais an achomhairc.

### *3.7.2. Toradh an 520 Achomharc Dúnta in 2018*




I gcomparáid le 2017, ba é an toradh a bhí ann le haghaidh gach cás a dúnadh an bhliain sin go raibh 52% dícheadaithe, 37% ceadaithe agus 11% aistarraingthe/neamhbhailí/i ndiaidh an spriocdháta.

Áirítear sa tábla thíos líon na n-achomharc le haghaidh gach catagóir toraidh le haghaidh gach achomharc a dúnadh in 2018.


| *Torthaí Cinnidh Achomhairc* | *Líon na n-achomharc uile* | *Céatadán* |
|---|---|---|

| | *dúnta in 2018 (520)* | |
|---|---|---|
| Ceadaithe, Ceadaithe i bPáirt nó Athbhreithnithe ag an Roinn (gach Achomharc dúnta in 2018) | 202 | 39% |
| Achomhairc Aistarraingthe, Neamhbhailí agus I nDiaidh an Spriocdháta (gach Achomharc dúnta in 2018) | 82 | 16% |
| Dícheadaithe (gach Achomharc dúnta in 2018) | 236 | 45% |

### *3.7.3. Eolas maidir le torthaí gach achomharc dúnta in 2018*

Tugtar eolas sa chairt thíos maidir leis na catagóirí aonair torthaí dá dtagraítear dóibh sa Tábla agus sna Graif roimhe.

**Toradh na gcásanna ar fad a dúnadh in 2018 (lena n-áirítear faighte i mblianta roimhe sin (520 cás)**




### *3.7.4. Cinntí Athbhreithnithe ag an Roinn - 97 Cás*


Bhain an céatadán is airde sa chatagóir "*achomharc ceadaithe, ceadaithe i bpáirt nó athbhreithnithe ag an Roinn"* leo siúd sa chatagóir '*athbhreithnithe ag an Roinn'*. Bhain na cúiseanna le hathbhreithnithe den sórt sin in 2018 le faisnéis bhreise a bheith á cur ar fáil nár cuireadh in iúl don Roinn roimhe sin. Chomh maith leis sin, rinne an Roinn athbhreithniú ar roinnt cinntí ar chásanna a bhain le saincheisteanna ardaithe ag an Oifig Achomhairc leis an Roinn a bhain le gnéithe áirithe de théarmaí agus coinníollacha scéime.

Ba í an scéim leis an líon is airde achomharc a ndearna an Roinn athbhreithniú uirthi an Scéim um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola (GSM) agus bhain an dara líon is airde achomharc le GLAS.

As measc na n-achomharc GSM athbhreithnithe ag an Roinn bhí 14 ar fad sannta d'Oifigeach Achomhairc: agus astu sin, reáchtáladh 4 éisteacht ó bhéal agus bhí éisteachtaí ó bhéal a cuireadh ar ceal i ndiaidh iad a shannadh d'Oifigeach Achomhairc i ndiaidh don Roinn cinneadh a dhéanamh a cinneadh a athbhreithniú i gceist le 3 achomharc. Rinne an Roinn an 7 gcás a bhí fágtha do GSM a bhí sannta do na hOifigigh Achomhairc a athbhreithniú i ndiaidh na dTéarmaí agus na gCoinníollacha a athrú i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Oifig seo. Rinne an Roinn athbhreithniú ar 15 cinneadh GSM eile roimh iad a shannadh d'Oifigeach Achomhairc. Áiríodh i roinnt de na cinntí seo an tsaincheist a bhain leis na téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear thuas.


Maidir le hachomhairc GLAS, bhí 6 achomharc a ndearna an Roinn athbhreithniú orthu ina dhiaidh sin sannta d'Oifigigh Achomhairc sula ndearnadh an cinneadh athbhreithnithe. Astu seo, bhí 3 éisteacht ó bhéal reáchtáilte agus bhí 2 éisteacht ó bhéal cealaithe nuair a bhí na cinntí athbhreithnithe ag an Roinn. In 1 chás, i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Oifigeach Achomhairc roimh aon éisteacht ó bhéal a eagrú, rinne an Roinn athbhreithniú ar an gcinneadh. Rinne an Roinn athbhreithniú ar 16 achomharc GLAS roimh iad a shannadh d'Oifigeach Achomhairc.

Taispeántar sa tábla thíos tuilleadh mionsonraí maidir le scéimeanna a ndearnadh cinntí ina leith a athbhreithniú i ndiaidh don achomharcóir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Achomhairc.




### *3.7.5. Achomhairc Ceadaithe agus Ceadaithe i bPáirt*

Maidir le hachomhairc ceadaithe nó ceadaithe i bpáirt ag Oifigigh Achomhairc, ba í an scéim leis an líon is airde achomharc sa chatagóir sin GLAS. Taispeántar eolas maidir leis na scéimeanna ar fad sa ghraf thíos.



### *3.7.6. Eolas maidir le hAchomhairc Dícheadaithe – Gach Achomharc Ceadaithe in 2018*

Ba í an scéim leis an líon is airde achomharc dícheadaithe ag Oifigigh Achomhairc GLAS, líon achomharc a bhí cothrom le 24.57% de gach achomharc dícheadaithe.



### 3.7.7. *Tábla ina léirítear FÁIL agus TORADH de réir na SCÉIME ar an 31 Nollaig 2018 le haghaidh ACHOMHAIRC FAIGHTE in 2018 a DÚNADH in 2018 (337)*

| ID na Scéime | Faighte | Dúnta | Achomharc Ceadaithe | % | Achomharc Ceadaithe i bPáirt | % | Athbhreithnithe ag Roinn | % | Dícheadaithe | % | Achomharc Aistarraingthe | % | Achomharc Neamhbhailí | % | I nDiaidh an Spriocdháta | % | Ar Fionraí | % | Oscailte | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontas Foraoisithe & Scéim Phréimhe | 13 | 10 | 2 | 20% | 1 | 10% | 1 | 10% | 5 | 50% | | | 1 | 10% | | | | | 3 | 23% |
| An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (SRCT) | 13 | 8 | 2 | 25% | 3 | 38% | | | 1 | 13% | | | 2 | 25% | | | | | 5 | 38% |
| Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu | 25 | 14 | 1 | 7% | | | 1 | 7% | 12 | 86% | | | | | | | | | 11 | 44% |
| Scéim Bhunúsach Íocaíochta | 67 | 23 | 1 | 4% | | | 4 | 17% | 3 | 13% | 1 | 4% | 12 | 52% | 2 | 9% | | | 44 | 66% |
| Clár um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola | 39 | 30 | 1 | 3% | | | 15 | 50% | 12 | 40% | | | 1 | 3% | 1 | 3% | | | 9 | 23% |
| SBÍ - Riarachán - Nítráit | 21 | 15 | 2 | 13% | 2 | 13% | 5 | 33% | 6 | 40% | | | | | | | | | 6 | 29% |
| SBÍ - Cúlchiste Náisiúnta | 7 | 3 | | | | | 1 | 33% | 1 | 33% | | | | | 1 | 33% | | | 4 | 57% |
| SBÍ/LSN - Tras-chomhlíonadh | 43 | 26 | 1 | 4% | 4 | 15% | 2 | 8% | 15 | 58% | | | 3 | 12% | | | 1 | 4% | 17 | 40% |
| SBÍ - Géilleadh Teidlíochtaí | 36 | 27 | 4 | 15% | 1 | 4% | 7 | 26% | 10 | 37% | | | | | 5 | 19% | | | 9 | 25% |
| SBÍ - Aistriú Teidlíochtaí | 5 | 2 | | 0% | | | 1 | 50% | | | | | | | | | 1 | 50% | 3 | 60% |
| GLAS | 139 | 102 | 20 | 20% | 7 | 7% | 18 | 18% | 46 | 45% | 4 | 4% | 1 | 1% | 6 | 6% | | | 37 | 27% |
| Scéim Feirmeoireachta Orgánaí | 15 | 6 | 2 | 33% | | | | | 4 | 67% | | | | | | | | | 9 | 60% |
| Scéim um Leas Caorach | 32 | 18 | 1 | 6% | | | 2 | 11% | 11 | 61% | 2 | 11% | 1 | 6% | 1 | 6% | | | 14 | 44% |
| TAMS II - Scéim um Leas Ainmhithe, Sábháilteacht & Cothaitheach | 7 | 3 | | | | | | | 2 | 67% | | | 1 | 33% | | | | | 4 | 57% |
| TAMS II - Scéim Trealamh Déiríochta | 8 | 3 | 1 | 33% | 1 | 33% | | | 1 | 33% | | | | | | | | | 5 | 63% |
| TAMS II - Scéim Trealamh Leata Sciodair Astaíochtaí Ísle | 6 | 2 | 1 | 50% | 1 | 50% | | | | | | | | | | | | | 4 | 67% |
| TAMS II - Scéim Infheistíochta Caipitil d'Fheirmeoirí Óga | 11 | 7 | | 0% | 1 | 14% | 1 | 14% | 4 | 57% | | | 1 | 14% | | | | | 4 | 36% |
| Beart Tacaíochta Caillteanas Barr Aimsir-Ghaolmhar | 8 | 4 | | | 1 | 25% | | | 1 | 25% | 1 | 25% | 1 | 25% | | | | | 4 | 50% |
| Scéim na bhFeirmeoirí Óga | 30 | 17 | 1 | 6% | | | 4 | 24% | 9 | 53% | | | 3 | 18% | | | | | 13 | 43% |
| Eile* | 31 | 17 | | | | | 2 | 12% | 8 | 47% | | | 6 | 35% | 1 | 6% | | | 14 | 45% |
| Iomlán | 556 | 337 | 40 | | 22 | | 64 | | 151 | | 8 | | 33 | | 17 | | 2 | | 219 | |

**Tagraíonn sé do scéimeanna ina bhfuarthas níos lú ná 5 achomharc*

Níl Toradh an 337 Achomharc a fuarthas in 2018 agus a dúnadh in 2018 éagsúil ón eolas le haghaidh na n-achomharc ar fad dúnta in 2018 - tá an líon dícheadaithe mar an gcéanna ag 45%, ach bhí an líon ceadaithe/ceadaithe i bpáirt agus athbhreithnithe ag an Roinn níos ísle ag 37% agus bhí an líon i ndiaidh an spriocdháta/aistarraingthe/neamhbhailí níos airde ag 18%

### 3.8. Tréimhse Ama chun Doiciméid Roinne a Fháil

Nuair a fhaightear achomharc, iarrann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta ar an Roinn an doiciméadú/comhad ábhartha a sheoladh chuig an Oifig laistigh de choicís ón iarratas a dhéanamh. Is bealach é seo lena chinntiú gur féidir achomhairc a leithdháileadh ar Oifigeach Achomhairc gan mhoill. Eisítear meabhrúcháin áit ar gá. D'eisigh an Oifig Achomhairc roinnt meabhrúchán agus athmheabhrúchán don Roinn in 2018. Bhí an meánlíon laethanta chun doiciméid comhaid a fháil ar ais ón Roinn cothrom le 28 lá i gcás achomharc a fuarthas in 2018. 23 lá an meánlíon laethanta a bhí ann in 2017. Tá eolas maidir leis an meánlíon laethanta chun doiciméid comhaid na Roinne a fháil ón dáta a ndearna an Oifig Achomhairc iarratas le fáil thíos le haghaidh rogha de na scéimeanna *(Tagraíonn staitistic sna samplaí thíos do rogha de na scéimeanna ina bhfuarthas níos mó ná 10 n-achomharc).*

| Scéim | Líon na n-achomharc | Meánlíon laethanta chun doiciméid Roinne a fháil ar ais |
|---|---|---|
| GLAS | 139 | 19 |
| Scéim Bhunúsach Íocaíochta | 67 | 81 |
| Tras-chomhlíonadh SBÍ/LSN - 2016 | 43 | 39 |
| Scéim um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola | 39 | 25 |
| SBÍ - Géilleadh Teidlíochtaí | 36 | 15 |
| Scéim um Leas Caorach | 32 | 9 |
| Scéim na bhFeirmeoirí Óga | 30 | 12 |
| Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu | 25 | 31 |
| SBÍ - Riarachán Níotráit | 21 | 13 |
| Scéim Feirmeoireachta Orgánaí | 15 | 63 |

### 3.9. Méid Ama a Thóg sé Achomhairc a Chinneadh

Tá sprioc trí mhí leagtha síos ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta chun achomharc a dhúnadh, ón tráth a fhaightear doiciméid comhaid na Roinne go dtí go n-eisítear litir ina sonraítear cinneadh achomhairc. Mar gheall ar imthosca nach bhfuil aon smacht ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta orthu, d'fhéadfadh nach gcuirfí achomhairc i gcrích laistigh den spriocfhráma ama. D'fhéadfadh go mbeadh cúiseanna éagsúla le teip achomharc a dhúnadh laistigh den trí mhí ón gcomhad Roinne a fháil agus d'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na gcúiseanna moilleanna ar chomhaontú idir na páirtithe ar fad maidir le dátaí le haghaidh éisteachtaí ó bhéal, acmhainní a bheith ar fáil, castacht an cháis agus saincheisteanna dlí. Maidir le hachomhairc a fuarthas in 2018, ba é 70 lá, an méid ama ar an meán, a thóg sé déileáil le hachomharc ó dháta fála chomhad na Roinne. Áirítear ina measc seo cásanna a ndearna an Roinn athbhreithniú orthu i ndiaidh don Oifig Achomhairc idirghabháil a dhéanamh, roimh Oifigeach Achomhairc a shannadh don chás. In 2017, ba é 79 lá an tréimhse ama a bhí i gceist.

Dúnadh achomhairc a fuarthas in 2018, agus a dúnadh in 2018, i meántréimhse 92 lá ón achomharc a fháil. 99.5 lá an meánlíon laethanta a bhí ann chun cásanna 2017 a dhúnadh in 2017.

### 3.10. Líon na nÉisteachtaí ó Bhéal a Reáchtáladh in 2018

Reáchtáladh 315 éisteacht ó bhéal in 2018. Reáchtáladh 422 éisteacht ó bhéal in 2017. Áiríodh sa 315 achomharc a raibh éisteacht ó bhéal i gceist leo in 2018 achomhairc a fuarthas in 2018 agus i mblianta roimhe sin. Cuireadh 45 éisteacht ó bhéal a bhí le reáchtáil in 2018 ar ceal/ar atráth - tá sé seo cothrom le 12.5% de gach éisteacht a bhí sceidealta in 2018. As measc na n-achomharc a cuireadh ar ceal/ar atráth, chuir an t-achomharcóir 22 achomharc ar ceal agus chuir an Roinn 19 achomharc ar ceal, agus astu sin cuireadh 7 n-achomharc ar ceal mar go ndearna RTIM a cinneadh a athbhreithniú. Chuir Oifigigh Achomhairc 4 achomharc ar ceal. Tá eolas maidir le blianta achomhairc an 315 achomharc a bhí mar chuid d'éisteacht ó bhéal in 2018 le fáil thíos

| Líon na n-éisteachtaí ó bhéal a reáchtáladh in 2018 (315) | An bhliain ina bhfuarthas an t-achomharc |
|---|---|
| 232 | 2018 |
| 78 | 2017 |
| 5 | 2016 |

## 3.11. I nDiaidh an Spriocdháta – Achomhairc faighte i ndiaidh an spriocdháta 3 mhí

Tugtar le fios sna taifid atá ar fáil faoi láthair, in 2018, go bhfuarthas 42 achomharc i ndiaidh an spriocdháta 3 mhí. Maidir le 30 achomharcóir a chuir imthosca eisceachtúla leis an moill in iúl ina dhiaidh sin, glacadh le 24 achomharc, diúltaíodh do 5 achomharc agus in 1 chás lorg an Stiúrthóir breis eolais ón achomharcóir agus ina dhiaidh sin rinne an Roinn an cinneadh a athbhreithniú agus aistarraingíodh an t-achomharc. Níor chuir 12 achomharcóir imthosca eisceachtúla in iúl.

## 3.12. Seasamh ag Deireadh na Bliana

Tá eolas thíos maidir le stádas achomharc faighte in 2018 amhail an 31 Nollaig 2018, i dteannta le, chun críche comparáide, an seasamh ag an 31 Nollaig 2017 i ndáil le hachomhairc a fuarthas in 2017.

| | Seasamh ag an 31 Nollaig 2017 *Achomhairc faighte in 2017* | Seasamh ag an 31 Nollaig 2018 *Achomhairc faighte in 2018* | Difríocht chéatadáin |
|---|---|---|---|
| Cásanna dúnta | 462 | 337 | - 27% |
| Obair idir lámha – An Oifig Achomhairc Talmhaíochta | 97 | 163 | + 68% |
| Ag fanacht ar fhreagra ón Roinn | 79 | 56 | - 29% |
| Líon Iomlán na nAchomharc faighte | 638 | 556 | - 12.85% |
| Achomhairc fanta a fuarthas i rith na bliana atá le próiseáil | 176 | 219 | + 24% |

Cé gur tháinig feabhas ar líon na laethanta a thóg sé achomhairc a dhúnadh in 2018 i gcomparáid le 2017, is léir ó na staitisticí sa tábla thuas agus nuair a dhéantar comparáid le 2017, go raibh líon na n-achomharc dúnta níos ísle in 2018 ná mar a bhí in 2017, agus go raibh líon na n-achomharc tugtha ar aghaidh níos airde ná líon na n-achomharc a tugadh ar aghaidh ó 2017 go dtí 2018. I measc na bhfachtóirí rannpháirteacha bhí an obair bhreise a rinne an Oifig Achomhairc ar an tseirbhís nua achomhairc ceadúnais foraoiseachta agus roinnt folúntas d'Oifigigh Achomhairc a bheith ann. Leanfaidh an Oifig le hiarracht a dhéanamh líon na n-achomharc dúnta in aghaidh na bliana a fheabhsú, amanna próiseála a laghdú, cinntí ar ardchaighdeán a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach go gníomhach leis an Rannán Acmhainní Daonna chun riachtanais oiriúnacha acmhainní a fháil.

### 3.13. Oifig an Ombudsman

Faoi Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001, féadfaidh achomharcóirí chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta a iarraidh go ndéanfaidh Oifig an Ombudsman athbhreithniú ar a gcás. In 2018, d'iarr Oifig an Ombudsman an comhad agus na doiciméid achomhairc maidir le 16 cás achomhairc. Chomh maith leis sin,d'iarr Oifig an Ombudsman 16 comhad achomhairc in 2017. As an 16 Achomharc a d'iarr an Ombudsman in 2018, dhéileáil an Ombudsman le 12 cás, agus rinne an Roinn athbhreithniú ar 1 chás i ndiaidh d'oifig an Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

### 3.14. Saoráil Faisnéise

Fuair an Oifig Achomhairc Talmhaíochta 4 iarratas fhoirmiúla faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise in 2018.

### 3.15. Dlíthíocht

In 2016, rinneadh breith i gcás Ardchúirte a bhain leis an Scéim Íocaíocta Aonair i gcoinne RTIM agus an Oifigigh Achomhairc a dhéileáil leis an achomharc. Rinneadh an cás a achomharc chuig an gCúirt Achomhairc agus, i mí na Samhna

2018, chuir an Chúirt torthaí bhreitheamh na trialach ar ceal agus aimsíodh nach raibh earráid dlí déanta ag an Oifigeach Achomhairc.[2]

### 3.16. Iarratais ar Athbhreithnithe ar Chinntí Oifigeach Achomhairc

Foráiltear sa reachtaíocht le haghaidh athbhreithnithe ar chinntí Oifigeach Achomhairc. Féadfaidh an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar aon chinneadh atá déanta ag Oifigeach Achomhairc má shíleann sé/sí go raibh an cinneadh earráideach mar thoradh ar bhotún éigin a bheith déanta i ndáil leis an dlí nó leis na fíricí. Féadfaidh achomharcóir agus/nó an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iarratas ar athbhreithniú ar chinneadh den sórt sin a dhéanamh.

In 2016 agus 2017 tugadh méadú 100% faoi deara ar iarratais ar athbhreithnithe ar chinntí achomhairc déanta ag an Stiúrthóir. Is é an Stiúrthóir a chaithfidh a chinneadh cibé an ndearna nó nach ndearna an tOifigeach Achomhairc earráid fírice nó dlí i ndiaidh mionscrúdú a dhéanamh ar gach cás, agus d'fhéadfadh go dtógfadh sé seo roinnt ama ag brath ar chastacht an cháis agus ar chúinsí eile cosúil le hacmhainní a bheith ar fáil agus moilleanna ar fhaisnéis iarrtha ón Roinn a fháil.

Cuireadh 17 athbhreithniú ar chinntí Oifigeach Achomhairc i gcrích in 2018, agus astu sin bhí 11 iarrtha ag achomharcóirí agus bhí 6 iarrtha ag an Roinn.

D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na gcúiseanna le cinneadh achomhairc a athrú, faisnéis bhreise a bheith á cur ar fáil ag an achomharcóir nó ag an Roinn.

Tá roinnt athbhreithnithe fós le cur i gcrích agus tá gach iarracht á déanamh a chinntiú go gcuirtear na hathbhreithnithe i gcrích.

[2] (Tag. chúirte 2016/440)

## 4. Gníomhaíochtaí eile a Bhaineann le hAchomhairc atá Curtha i gCrích ag an Oifig Achomhairc Talmhaíochta

### *4.1. Reachtaíocht*

***4.1.1.*** Leasaíodh an Sceideal Scéimeanna atá iarcheangailte leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, chun scéimeanna breise a chur san áireamh a cheadaíonn achomhairc ar na scéimeanna sin atá le cur faoi bhráid na hOifige Achomhairc (I.R. Uimh. 164 de 2018 Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta, 2018)

***4.1.2.*** Leasaigh Alt 35 d'Acht Foraoiseachta 2014, Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 trí Choiste Achomhairc Foraoiseachta (CAF) nua a chur ar bun chun déileáil le hachomhairc i gcoinne chinntí Roinne maidir le hiarratais ar cheadúnas foraoiseachta sna cásanna seo a leanas:

(I) leagan crann nó crann nó crainn a bhaint agus tanú foraoise,

(II) foraoisiú,

(III) oibreacha bóthair foraoise, agus

(IV) aerthoirchiú foraoisí.

Dhréachtaigh an Oifig Achomhairc, i gcomhairle leis an Roinn, Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 638 de 2018 an Choiste Achomhairc Foraoiseachta) le haghaidh na nósanna imeachta atá le leanúint ag CAF.

### *4.2. Próisis achomhairc nua – Coiste Achomhairc Foraoiseachta Nua (CAF)*

In 2018, bhunaigh an tAire Coiste Achomhairc Foraoiseachta (CAF) chun achomhairc i gcoinne na Roinne a bhain le hiarratais ar cheadúnais foraoiseachta a bhreithniú.

Cheap an tAire Oifigigh Achomhairc ar an CAF a bhunaigh an tAire in 2018.

Sannadh lucht bainistíochta, seirbhísí tacaíochtaí riaracháin agus rúnaíochta le haghaidh CAF do Choiste Achomhairc Talmhaíochta, a bhunaigh nósanna imeachta agus doiciméid chun iarratais achomhairc a fháil agus a phróiseáil.

Fuarthas 231 iarratas ceadúnais foraoiseachta in 2017 agus 2018. Dúnadh 98 achomharc den sórt sin in 2018.

### *4.3. Athbhreithniú ar an Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001, agus oibríochtaí na hOifige Achomhairc Talmhaíochta*

Foilsíodh an Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 agus oibríochtaí na hOifige Achomhairc Talmhaíochta i mí Feabhra 2018. Tá an measúnú ar mholtaí na tuarascála sin ar siúl faoi láthair.

### *4.4. Cruinnithe*

- Reáchtáil an Oifig cruinnithe inmheánacha rialta in 2018. Ba é an príomhchuspóir a bhí leis na cruinnithe seo comhsheasmhacht sa chur chuige a chinntiú agus nithe a bhain le hobair na hOifige a phlé. Sa bhreis air sin, bunaíodh grúpaí oibre inmheánacha le déileáil le nithe sonracha a bhain le hobair na hOifige lena n-áirítear an tseirbhís nua achomhairc ceadúnais Foraoiseachta.

- In 2018, bhuail foireann na hOifige le hionadaithe ó Eagraíochtaí Feirmeoireachta.

### *4.5. Leasuithe ar an gcóras TF*

Cruthaíodh an bunachar sonraí TF a úsáideann an Oifig chun gach achomharc agus a gcuid torthaí a thaifeadadh agus a rianú in 2002 agus rinneadh roinnt nuashonruithe beaga ó shin i leith. Leanadh leis an obair athfhorbartha ar an gcóras in 2018. Chomh maith leis sin, bhí an Oifig Achomhairc páirteach i mbunachar sonraí agus córas faisnéis bhainistíochta nua a chruthú don tseirbhís achomhairc foraoiseachta. Tá suíomh gréasáin d'achomhairc foraoiseachta bunaithe chomh maith.

## 5. Rogha Samplaí ó Oifigigh Achomhairc de Chásanna Achomhairc Talmhaíochta ar déileáladh leo in 2018

### 5.1. Cás 01 - 2017 Cúlchiste Náisiúnta (Feirmeoir Óg)

Mheas an Roinn go raibh iarratas Cúlchiste Náisiúnta - Feirmeoir Óg 2017 neamh-incháilithe mar gur sáraíodh an teorainn ollioncaim eisfheirme de €40,000. Bhí comhpháirtíocht chláraithe feirme bunaithe ag an bhfeirmeoir óg achomharcóra le tuismitheoir in 2016 trí úsáid a bhaint as tréad-uimhir chomhpháirteach agus cuireadh dhá ioncam eisfheirme san áireamh nuair a bhí measúnú á dhéanamh bunaithe ar an teorainn €40,000. Bhí ioncam eisfheirme an fheirmeora óig ina aonar faoin teorainn. Ba é an t-achomharc a rinne an feirmeoir, dá mba rud é go raibh iarratas 2017 i gcatagóir an Iontrálaí Nua, ní bheadh á chur san áireamh i ndáil leis an teorainn ach ioncam eisfheirme an fheirmeora óig. Chomh maith leis sin, d'achomharc an feirmeoir go raibh ioncam eisfheirme an tuismitheora ag teacht ó Scéim Fostaíochta Pobail.

Áiríodh i dTéarmaí agus Coinníollacha Chúlchiste Náisiúnta 2017 an t-ioncam eisfheirme seo a leanas:

- *Teorainn ollioncaim eisfheirme de €40,000....*

- *....Comhpháirtíocht Chláraithe Feirme – ioncam eisfheirme gach rannpháirtí ar an tréad-uimhir a bhreithnítear a bhfuil baint ag an bhFeirmeoir Óg/na Feirmeoirí Óga léi.*

Thagair an t-achomharcóir do leagan roimhe seo de Théarmaí agus Coinníollacha Chúlchiste Náisiúnta 2015 (Feirmeoir Óg) inar sonraíodh nach mbreithnítear ach ioncam eisfheirme an Fheirmeora Óig/na bhFeirmeoirí Óga i gcomhpháirtíocht feirme. Shonraigh an Roinn go raibh leagan athbhreithnithe i bhfeidhm laistigh de thréimhse iarratais 2015 agus go gcuirtear ioncam eisfheirme gach ball de thréad-uimhir chomhpháirteach san áireamh.

Bhain an t-achomharc le Cúlchiste Náisiúnta 2017. Chomhaontaigh iarratasóir a bheith faoi cheangal ag Téarmaí agus Coinníollacha Chúlchiste Náisiúnta 2017. Bhí

Téarmaí agus Coinníollacha 2017 soiléir maidir le cás na tréad-uimhreach comhpháirtí i gcomhpháirtíochtaí cláraithe feirme sa mhéid is go mbreithnítear ioncam eisfheirme gach rannpháirtí ar an tréad-uimhir lena bhfuil baint ag an bhFeirmeoir Óg/na Feirmeoirí Óga.

Maidir le tuilleamh na Scéime Fostaíochta Pobail, bhí urraitheoir freagrach as pá an rannpháirtí agus fuair an t-urraitheoir deontas ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun an pá a chúiteamh. Bhí an tUrraitheoir, mar fhostóir, go hiomlán freagrach as na gnéithe ar fad a bhain le bainistíocht agus leas rannpháirtithe agus bhí sé riachtanach go mbeadh conradh fostaíochta ann le gach rannpháirtí. Bhí an pá faoi réir ÍMAT agus ÁSPC, ach ní raibh MSU i gceist. D'aimsigh an tOifigeach Achomhairc nach ionann tuilleamh an tuismitheora agus íocaíocht dhíreach na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus go raibh siad léirmhínithe i gceart mar ioncam eisfheirme do Chúlchiste Náisiúnta 2017. Bunaithe ar chás na tréad-uimhreach comhpháirtí bhí sé riachtanach an dá ioncam eisfheirme a chur san áireamh agus sháraigh siad an teorainn €40,000.

Chinn an tOifigeach Achomhairc nach mbeadh na ceanglais le haghaidh Iontrálaí Nua 2017 comhlíonta mar gur sonraíodh sna Téarmaí agus Coinníollacha sa chás go raibh tréad-uimhir cláraithe thar ceann grúpa faoin gcatagóir 'iontrálaí nua', nach mór do gach duine a bhfuil an grúpa á rialú acu comhlíonadh le coinníollacha uile chatagóir an 'iontrálaí nua' ach amháin i gcás an cheanglais oideachais, rud a chiallaigh go mbeadh ceanglais an Iontrálaí Nua comhlíonta ag an dá bhall den chomhpháirtíocht, lena n-áirítear tús a bheith curtha leis an ngníomhaíocht talmhaíochta in 2015, ar a luaithe, agus níorbh é seo a bhí i gceist i gcás an tuismitheora.
Dícheadaíodh an t-achomharc.

## 5.2. Cás 02 – 2016 Níotráit (An Chreat-treoir Uisce) agus Tras-chomhlíonadh

Chuir an Roinn smachtbhanna 20% i bhfeidhm i gcoinne íocaíochtaí limistéar-bhunaithe AE 2018 ar an mbonn gur thug taifid le fios go raibh an Nítrigin (N) iomlán léirithe ó bheostoc ar an bhfeirm le haghaidh 2016 os cionn 300 kg in

aghaidh an heicteáir agus gur sháraigh sé an leibhéal maolaithe ceadaithe Níotráite de 250 kg in aghaidh an heicteáir. Bhí taifid mhaolaithe an Achomharcóra in ord cuí.

D'achomharc an feirmeoir gur easpórtáladh aoileach in 2016 agus gur baineadh úsáid as féarach sealadach díreach mar a rinneadh blianta eile. Cuireadh foirm Thaifead 3 le haghaidh easpórtáil aoiligh agus foirm Thaifead 5 le haghaidh féarach sealadach i gcrích agus sa phost in am cuí. Níor úsáideadh Post Cláraithe ná Luasphost. Mhínigh an feirmeoir go ndeachaigh sé chun cainte le comhairleoir nuair a bhí na foirmeacha á líonadh agus gur thug sé cuairt ar an bhfeirmeoir iompórtála agus úinéir an fhéaraigh shealadaigh ar an lá agus gur chuir sé clúdach litreach sa phost ina raibh an dá fhoirm nuair a bhí cóip déanta díobh. Dheimhnigh an Roinn go raibh an Taifead 5 faighte i mí na Nollag 2016 ach nach raibh Taifead 3 faighte.

Sonraítear i dtearmaí fhoirm Thaifead 3 2016 nach mór sonraí maidir le heaspórtálacha a tharlaíonn in 2016 a chur ar fáil ar an bhfoirm faoin 31 Nollaig 2016, agus nach mór an fhoirm a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Níotráite, agus gurb é an t-aon chruthúnas poist Admháil Luasphoist nó Admháil Poist Chláraithe.

Rinne an Roinn cur síos ar chóras láidir láimhsithe doiciméad le haghaidh fhoirmeacha Thaifead 3 agus Thaifead 5, córas ina n-áirítear admháil poist, liostú, próiseáil agus comhdú. Is é an chosaint a bhí ann go bhfaigheadh feirmeoir admháil Luasphoist nó Poist Chláraithe nuair a bhí na foirmeacha á seoladh sa phost. Bhunaigh an Roinn an cinneadh gan glacadh le Taifead 3 mar nár cuireadh aon chruthúnas poist ar fáil. Dheimhnigh an Roinn nár coimeádadh an clúdach litreach a úsáideadh agus go raibh sé diúscartha.

Sa dá bhliain roimhe sin, bhí na foirmeacha Thaifead 3 agus Thaifead 5 curtha isteach ag an amharcóir ar an dáta céanna, agus bhí easpórtálacha Thaifead 3 seolta chuig an bhfeirmeoir céanna is a bhí in 2016. Fuair an Roinn an Taifead 5 in 2016, rud a léirigh, seachas caillteanas poist a bheith i gceist, go bhfuarthas an

clúdach litreach. Ní bheadh an t-ábhar liostaithe ar admháil poist. Bhí cóip den dá fhoirm coinnithe ag an achomharcóir.

Bunaithe ar imthosca iomlána an cháis, lena n-áirítear gur léiríodh sa chás seo go bhfuarthas an postas, an dá fhoirm a bheith curtha ar fáil ar an lá céanna an bhliain roimhe sin, agus na leaganacha cóipeáilte, ceadaíodh an t-achomharc.

### 5.3. Cás 03 – Scéim na Limistéar a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu (LSN)

Cuireadh iarratas le haghaidh Scéim na Limistéar a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu 2016 (LSN) faoi bhráid na Roinne. Ba iad na híoscheanglais dlús stocála d'iarratasóirí incháilithe in 2016 go mbeadh 0.15 aonad beostoic in aghaidh an heicteáir ríomha comhlíonta acu thar 12 mhí féilire 2016. Níor chomhlíon an t-iarratasóir na ceanglais incháilitheachta mar nár sheol sé a fhoirm mhóráirimh caorach ar ais roimh an spriocdháta. Lorg an t-iarratasóir achomharc maidir leis an gcinneadh ag sonrú gurb é an chúis nár chuir sé an móráireamh ar fáil in am go raibh riocht sláinte ag dul dó/di.

Is iad na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu 2016 nach mór go mbeadh foirm Mhóráirimh Caorach/Gabhar curtha ar fáil ag iarratasóirí ag a bhfuil tréada caorach roimh an dáta deiridh. Faoi Rialachán AE 21/2004, tá dualgas ar gach coimeádaí caorach úinéirí ealtaí na gCaorach/Gabhar atá ina n-ealta ar a ngabháltas a chomhaireamh, an líon seo a thaifeadadh sa clár ealta, agus tá oibleagáid dhlíthiúil orthu sonraí faoin líon seo a chur ar fáil don Roinn ar an bhfoirm bhliantúil Mhóráirimh Caorach/Gabhar. Sa chás nach bhfuil Caoirigh/Gabhair ag úinéirí ealta tráth déanta an Mhóráirimh, tá dualgas orthu fós an Móráireamh a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Ní ghlacfaidh an Roinn le leabhair ealta mura gcuirtear móráireamh bailí caorach ar fáil ach amháin in imthosca eisceachtúla. Ba é an dáta deiridh a bhí luaite le Móráireamh Caorach/Gabhar 2016 an 29 Eanáir 2016.

Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc an fhianaise liachta agus na himthosca a bhain leis an gcás. Cinneadh nár tháinig an cás faoi fhorálacha le haghaidh force

majeure mar go raibh baint ag an iarratasóir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta a chur i gcrích in 2016 agus go raibh sé seo contrártha le héileamh an achomharcóra faoi fhoráil d'éagumas gairmiúil fadtéarmach force majeure. Dícheadaíodh an t-achomharc.

### 5.4. Cás 04 - Clár um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola (GSM) 2015-2020

Ghlac an t-achomharcóir páirt i Sonraí agus Géanómaíocht Mhairteola (GSM) 2015 – 2020. I mBealtaine 2017, chuir an Roinn in iúl don achomharcóir nach raibh cuid de na ceanglais a bhí sonraithe i dtéarmaí agus coinníollacha an Chláir curtha i gcrích, agus cuireadh in iúl freisin chomh fada is a bhain le taifeadadh teagmhas, nach raibh 26% críochnaithe agus, dá réir sin, gur laghdaíodh an íocaíocht.

Rinne an t-achomharcóir achomharc ar na forais nach raibh sé ar an eolas faoin riail 150 lá nach mór laonna a choinneáil ar an ngabháltas chun a bheith incháilithe chun íocaíocht a fháil, agus go mb'éigean dó na hainmhithe a dhíol mar gheall ar dheacrachtaí airgeadais a bhain le seirbhísiú iasachta.

Chomh maith leis sin, chuir an t-achomharcóir in iúl go raibh iasacht eile le seirbhísiú aige, a bhí aige chun íoc as seid lataí ceithre stalla a thóg sé chun cosc a chur ar thruailliú agus chun deis a thabhairt dó leanúint leis an bhfeirmeoireacht laonna.

Chinn an tOifigeach Achomhairc, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise, go raibh sé ainmhí níos óige ná cúig mhí nuair a díoladh iad. Chuir an tOifigeach Achomhairc in iúl go sonraítear i dtéarmaí agus coinníollacha na scéime "*nach mór laonna a choimeád ar an ngabháltas le haghaidh 5 mhí, ar a laghad".* De bhrí go ndearna an t-achomharcóir iarratas páirt a ghlacadh sa scéim, agus go raibh téarmaí agus coinníollacha na scéime ar fáil go poiblí, chinn an tOifigeach Achomhairc nach leor na forais d'easpa eolais faoin gceanglas mar leithscéal ón gceanglas seo.

Bhreithnigh agus d’admhaigh an tOifigeach Achomhairc deacrachtaí airgeadais an Oifigigh Achomhairc agus na hinfheistíochtaí feirme a bhí déanta aige, seid lataí a thógáil do thithíocht ainmhithe agus stóráil sciodair, agus go mbeadh sé faoi bhrú airgeadais ag iarraidh an iasacht seo a sheirbhísiú mar aon leis an iasacht eile a raibh aird tarraingthe aige uirthi. Chinn an tOifigeach Achomhairc, áfach, nach raibh aon tagairt d’fhachtóirí den sórt sin i dtéarmaí agus coinníollacha na scéime chomh fada is a bhain leis an gceanglas go gcoimeádtar laonna ar an ngabháltas ar feadh cúig mhí, ar a laghad. Ina theannta sin, chinn an tOifigeach Achomhairc go gcuirtear in iúl go soiléir i dtéarmaí agus coinníollacha na scéime nach mór laonna a choimeád ar an ngabháltas ar feadh cúig mhí, ar a laghad, *“chun bailíocht roinnt de na sonraí taifeadta a chinntiú”*. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## 5.5. Cás 05 – Scéim Bhunúsach Íocaíochta (SBÍ)

Rinne an Roinn iniúchadh ar iarratas SBÍ achomharcóra. Cinneadh go raibh ró-éileamh déanta i ndáil le trí dháileacht talún; laghdaigh sé seo limistéar na talún incháilithe 2.46ha. Chinn an Roinn nach raibh an fálú teorann oiriúnach.

Áiríodh sna forais achomhairc go raibh dhá chapaillín ar an talamh i gceist agus nár thuig an t-achomharcóir nach nglacfadh an Roinn leis an bhfálú a bhí ann tráth déanta an iniúchta. Nuair a chuir an cigire in iúl don achomharcóir nach raibh an fálú oiriúnach chuir an t-achomharcóir fálú ar an dá phlota, le cuaillí adhmaid agus dhá shraith de shreang dheilgneach.

Ag an éisteacht ó bhéal, rinne an Roinn cur síos ar na cúiseanna a bhí leis an diúltú don talamh - ní raibh teorainn bhuan mórthimpeall air. Thagair an Roinn do Théarmaí agus Coinníollacha SBÍ/LSN maidir le fálú agus shonraigh an Roinn gur seoladh na Téarmaí agus Coinníollacha seo chuig iarratasóirí. Rinne an t-achomharcóir cur síos ar an bhfálú a bhí ar na dáileachtaí talún seo le sreang thrilseánach agus sraith amháin sreinge, agus shonraigh an t-achomharcóir go raibh an fálú déanta ag an gcaighdeán cuí ar feadh sé mhí.

Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcás seo thagair an tOifigeach Achomhairc do na **'**Téarmaí & Coinníollacha le haghaidh Scéim Bhunúsach AE 2017 (SBÍ)' maidir le hincháilitheacht talún:

*Chun íocaíocht a íostarraingt i ndáil le do theidlíochtaí SBÍ, ní mór go mbeadh "heicteár incháilithe" agat le dul le gach teidlíocht.*
*Ní mór go mbeadh fálú oiriúnach ann don fhiontar feirmeoireachta i gceist. Ciallaíonn fálú oiriúnach fálú stocdhíonach a dhéanfaidh ainmhithe an iarratasóra agus an fheirmeora in aice láimhe a rialú go cuí. Chuige sin, ní bheidh fálú leictreach sealadach oiriúnach mar bhacainn stocdhíonach idir beirt iarratasóirí. I limistéir sléibhe/cnoic, go ginearálta ciallaíonn sé seo fálú caorach;*

Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur chuir an t-achomharcóir fálú ar na dáileachtaí talún i ndiaidh an iniúchta agus go raibh siad fálaithe don dara leath de 2017. Chinn an tOifigeach Achomhairc nach mór go mbeadh an caighdeán stocdhíonach don fhálú ar a ndéantar cur síos i dTéarmaí agus Coinníollacha SBÍ 2017 i bhfeidhm an t-am ar fad agus ní díreach nuair atá stoc i láthair. Ní leor an fálú a bheith ann ar feadh leath na bliana chun na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh agus ní cheadaítear sna Téarmaí agus Coinníollacha d'aon laghduithe ar na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm mar go bhféadfadh an fálú a bheith oiriúnach le haghaidh leath na bliana. Dícheadaíodh an t-achomharc.

## 5.6. Cás 06 – Tras-chomhlíonadh - 2017 Scéim Bhunúsach Íocaíochta/Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile

Rinneadh iniúchadh SBÍ/ Tras-chomhlíonta ar ghabháltas iarratasóra in 2017 agus aimsíodh roinnt neamh-chomhlíonadh i ndáil le Sainaithint/ Clár faoi Cheanglais Bainistíochta Reachtúla 7 agus 8 (saincheisteanna a bhain le clárúchán, pas agus clár tréada). Glacadh leis go raibh na neamh-chomhlíonadh tromchúiseach. Ba é an Toradh foriomlán Tras-chomhlíonta Smachtbhanna 45%.

Bhí pionóis neamh-chomhlíonta faighte sa dá bhliain roimhe sin roimh an bpionós reatha. In 2014, fuair an t-achomharcóir smachtbhanna 5% le haghaidh neamh-

chomhlíonta le Sainaithint/ Clárúchán faoi Cheanglais Bainistíochta Reachtúla (CBR) 7 agus 8. In 2015, fuair an t-achomharcóir smachtbhanna 15% (5 x 3) le haghaidh neamh-chomhlíonta le CBR 7 agus 8. In 2017, bliain an iniúchta, fuair an t-achomharcóir smachtbhanna 45% (15 x 3) le haghaidh neamh-chomhlíonta faoi CBR 7 agus 8. Bhain príomhfhorais achomharc an achomharcóra le cóir leighis leanúnach tráth an iniúchta.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc Scéim Bhunúsach Íocaíochta AE (SBÍ)/ Téarmaí agus Coinníollacha Íocaíochta Glasaithe, maidir le Pionóis Tras-chomhlíonta: '*Má chinntear go bhfuil Tras-Chomhlíonadh á shárú ag feirmeoir trí fhaillí, de ghnáth beidh pionós de 3% i gceist ach is féidir é seo a laghdú go dtí 1% nó a mhéadú go dtí 5% ag brath ar mhéid, déine agus buaine an neamh-chomhlíonta.* Má tá 'atarlú' i gceist déanfar é seo a mhéadú faoi 3 go dtí teorainn de 15%. Glacfar le hatarlú sáruithe ina dhiaidh seo mar Rún'.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc Airteagal 39 maidir le 'Faillí' i Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin (AE) Uimh. 640/2014: '*Nuair a shroichtear an céatadán uasta de 15%, cuirfidh an ghníomhaireacht íocaíochta in iúl don tairbhí lena mbaineann má chinntear an neamh-chomhlíonadh céanna arís, go mbreithneofar gur ghníomhaigh an tairbhí d'aon turas de réir na brí d'Airteagal 40'*.

Chinn an tOifigeach Achomhairc gur shroich an smachtbhanna neamh-chomhlíonta roimhe sin teorainn de 15%. Níor aimsíodh aon fhoráil, áfach, i Rialachán 640/2014 an Choimisiúin chun méadú faoi 3 a dhéanamh arís, agus cinneadh go n-éilítear sa Rialachán go rangaítear an cás mar neamh-chomhlíonadh d'aon turas de réir Airteagal 40: '*Sa chás go ndearna an tairbhí an neamh-chomhlíonadh a chinneadh d'aon turas, beidh an laghdú atá le cur i bhfeidhm ar an méid iomlán dá dtagraítear in Airteagal 39 (1), de ghnáth, cothrom le 20% den mhéid iomlán sin*.'

Ba é an cinneadh a rinne an tOifigeach Achomhairc gur cheart glacadh le neamh-chomhlíonadh 2017 mar chéad smachtbhanna an achomharcóra faoi rún agus de réir na rialach ginearálta atá leagtha amach sa Rialachán, agus gur cheart

smachtbhanna 20% a thabhairt don chéad ócáid rúin seo. Ceadaíodh an t-achomharc i bpáirt.

### 5.7. Cás 07 – Tras-chomhlíonadh Scéim Bhunúsach Íocaíochta/Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile 2017

Rinneadh iniúchadh ar ghabháltas an achomharcóra in 2017. Ba é toradh an iniúchta gur sainaithníodh neamh-chomhlíonadh i gCeanglais Bainistíochta Reachtúla 7 agus 8 - Sainaithint agus Clárúchán Ainmhithe. Forchuireadh smachtbhanna 3% sa litir um Chinneadh Foirmiúil a eisíodh ina dhiaidh sin.

Ag an éisteacht ó bhéal san achomharc seo, bunaíodh gur bhain an phríomhchúis a bhí leis an smachtbhanna a fhorchur le saincheisteanna clibeála. I rith an iniúchta, bhí roinnt de chlibeanna ainmhithe an achomharcóra athraithe ag an achomharcóir agus mheas an Roinn go raibh na clibeanna athraithe neamhiomlán agus neamhbhailí, rud a d'fhág nach raibh ach clib cheadaithe amháin ag na hainmhithe.

Chomh maith leis sin, bunaíodh i rith na héisteachta ó bhéal go raibh líon na n-ainmhithe a chinn an Roinn ag a raibh clib bhailí amháin bunaithe ar sheiceáil deisce, agus nach raibh aon chomhaireamh beacht déanta lá an iniúchta.

Nuair a bhí an cinneadh á dhéanamh, ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go raibh roinnt d'ainmhithe an achomharcóra ag neamh-chomhlíonadh le clibeáil ar lá an iniúchta.

Bunaithe ar an bhfianaise ar fad a bhí ar fáil, áfach, bhí amhras áirithe ann maidir le líon beacht na n-ainmhithe neamh-chomhlíonta. De bhrí go raibh an t-ualú a bhí mar bhonn le forchur an smachtbhanna bunaithe ar líon beacht na n-ainmhithe neamh-chomhlíonta i gceist, cheadaigh an tOifigeach Achomhairc an t-achomharc.

### 5.8. Cás 08 – Tras-chomhlíonadh Scéim Bhunúsach Íocaíochta/Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile 2017

Chuir feirmeoir isteach a iarratas le haghaidh Scéim Bhunúsach Íocaíochta 2017 i mBealtaine 2017. Bhí dhá iniúchadh curtha i gcrích, áfach, ag an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra (NPWS) i ndáil le caighdeáin Dhea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC) agus rinneadh na torthaí a chrostuairisciú don Roinn. Léiríodh sna torthaí iniúchta crostuairiscithe go raibh 1.2km d'fhál sceach/díog bainte gan fad coibhéiseach a bheith curtha in áit éigin eile roimh ré. Ghlac an Roinn gurb ionann é seo agus sárú ar chaighdeán 7 Dhea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil (DRTC 7). Chuir an Roinn in iúl don iarratasóir go nglactar le baint fál sceach gan athphlandú roimh ré mar bhaint 'gné tírdhreacha' agus sárú ar DRTC 7 mar aon le heolas faoin smachtbhanna infheidhme. Rinneadh an smachtbhanna a achomharc.

Ag an éisteacht ó bhéal, mhínigh an feirmeoir gurb éard a bhí san fhál sceach bunaidh dhá dhíog driseacha le crainn scáinte ar cuid d'ascaill chomh fada le teach tráth dá raibh. Ceannaíodh an talamh le déanaí agus bhí sé i ndroch-chaoi. Maíodh nach raibh an fál sceach bunaidh stocdhíonach. I ndiaidh an fháil sceach a bhaint, athphlandaíodh taobh amháin den ascaill agus athphlandaíodh an chuid eile feadh thaobh eile na feirme. Conraitheoir tríú páirtí a bhain an fál sceach don fheirmeoir. Chuir an feirmeoir in iúl freisin gur cúiseanna a bhain lena shláinte phearsanta a chur cosc air an fál sceach a athphlandú roimh é a bhaint. Míníodh chomh maith gurb é an rún a bhí ann an fheirm a fheabhsú agus banracha féaraigh níos soláimhsithe a chruthú.

Thagair an tOifigeach Achomhairc don reachtaíocht atá ábhartha do cheanglais tras-chomhlíonta do thairbhithe faoi CBT, mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa, go háirithe in Airteagail 91 (1), 93(1) agus in Iarscríbhinn 11. Áirítear na ceanglais i ndáil le DRTC mar atá leagtha amach i reachtaíocht AE i leabhrán Théarmaí agus Coinníollacha SNÍ AE/Íocaíochta Glasaithe 2017 chomh maith. Faoi DRTC 7 tá fál sceach ainmnithe mar ghné tírdhreacha agus ní féidir é a bhaint mura gcuirtear rud éigin ina áit roimh ré. Sa chás seo, chinn an tOifigeach Achomhairc nach raibh an fál sceach a cuireadh ina ionad curtha roimh ré, ach gur athphlandaíodh é ina dhiaidh sin.

I leabhrán Théarmaí agus Coinníollacha SBÍ/Glasaithe 2017, tá an sainmhíniú ar fhál sceach leathan agus áirítear ann fálta scáinte, agus níl aon cheanglas ann go mbeadh an fál stocdhíonach. Chinn an tOifigeach Achomhairc gur glacadh le fálta sceach mar ghnéithe tírdhreacha ó 2009, agus, dá réir sin, gur bhain ceanglais chaighdeán DRTC leo. Cé gur admhaíodh go raibh sé deacair fálta a athphlandú sa suíomh céanna, chinn an tOifigeach Achomhairc nach sonraítear sna Téarmaí agus Coinníollacha suíomh don athphlandú agus gur faoin bhfeirmeoir a bhí sé an t-athphlandú a dhéanamh ag suíomhanna eile ar a ghabháltas fógartha. Admhaíodh go raibh deacrachtaí ag an bhfeirmeoir lena shláinte phearsanta ag an am, ach tugadh faoi deara freisin gur conraitheoir tríú páirtí a bhain an fál sceach.

I ndáil leis an leibhéal smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm, thagair an tOifigeach Achomhairc d'fhorálacha Rialachán Tarmligthe Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún. D'fhorchuir an Roinn smachtbhanna 5% ar an smachtbhanna le sárú ar DRTC 7 bunaithe ar mheasúnú ar an tsaincheist agus cinneadh gurb ionann an neamhchomhlíonadh agus faillí, ag léiriú fhorálacha Airteagal 39 de 640/2014. Thug an t-údarás tuairiscithe, an NPWS, méid an chaillteanais fálta sceach faoi deara, caillteanas a bhí mar bhonn le hilroinnt gnáthóige agus d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar éin agus ar ialtóga a thaistealaíonn idir faraí agus suíomhanna sealgaireachta ar an bhfeirm agus ar thailte in aice láimhe. Tharraing siad aird chomh maith ar chaillteanas gnáthóg beathaithe d'ialtóga agus ar chaillteantas gnáthóg beathaithe agus neadaithe d'éin fhiáine. Tugadh faoi deara go bhféadfadh déine an chaillteanais a bheith mar bhonn le tionchar suntasach diúltach ar líon ialtóg agus éan go háitiúil, agus maidir le buaine, tugadh faoi deara go mbeadh aon impleachtaí buan mar go raibh an fál sceach bainte go hiomlán óna shuíomh. Sna himthosca seo, bunaithe ar dhéine, fairsinge agus buaine an tsáraithe gur baineadh 1.2 km d'fhál sceach, chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh an smachtbhanna 5% le cur i bhfeidhm. Dícheadaíodh an t-achomharc.

### 5.9. Cás 9 – An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS) Tráinse 1

Rinne an t-amharcóir iarratas ar GLAS Tráinse 1. Ceann de phríomhcheanglais Théarmaí agus Coinníollacha GLAS is ea go gcuirtear Plean Bainistíochta Cothaitheach (PBC) feirme ar fáil, a bheidh ullmhaithe ag pleanálaí laistigh d'amfráma sonraithe. Níor chuir an t-iarratasóir PBC ar fáil agus scríobh an Roinn chuig an iarratasóir ar an 13 Márta 2018 ag diúltú don iarratas ón scéim agus ag lorg aisghlámadh ar aon airgead a bhí íoctha cheana féin.

In achomharc an achomharcóra, tarraingíodh aird ar an bpointe go raibh deacrachtaí aige lena phleanálaí agus gur chuir sé seo cosc air ó BPC a chur ar fáil laistigh den amfráma sonraithe.

Is é an teideal atá ar Alt 6.2 de na Téarmaí & Coinníollacha le haghaidh Tráinse 1 Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin, Príomhcheanglais agus sonraítear ann:

*"Ní mór do gach iarratasóir Plean Bainistíochta Cothaitheach Feirme a dhéanamh, a bheidh déanta ag pleanálaí, roimh dheireadh na chéad bliana féilire iomlán sa scéim. Beidh gníomhartha a bhfuil ionchur laghdaithe leasachán iontu faoi réir athbhreithniú éigeantach lártéarma ar an bplean bainistíochta cothaitheach, de réir threoir na Roinne."*

Is é an teideal atá ar Iarscríbhinn 1A de na Téarmaí & Coinníollacha le haghaidh Tráinse 1 de Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin, Struchtúr GLAS, Príomhcheanglais agus sonraítear ann:

*Tá na **ceanglais seo ar fad éigeantach**:*

- *Ní mór do phleanálaí talmhaíochta ceadaithe an t-iarratas GLAS a ullmhú*
- *Pleanáil Bainistíochta Cothaitheach*
- *Oiliúint i gcleachtais agus i gcaighdeáin chomhshaoil*
- *Coimeád taifead de ghníomhaíochtaí curtha ar fáil"*

D'admhaigh an tOifigeach Achomhairc na deacrachtaí a bhí ag an achomharcóir lena phleanálaí ar ní é a bhaineann leis na páirtithe i gceist agus atá lasmuigh de shainchúram na hoifige seo. Dícheadaíodh an t-achomharc.

### 5.10. Cás 10 – An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS) Tráinse 3

Rinne an t-amharcóir iarratas ar GLAS Tráinse 3. Mar chuid de na seiceálacha bailíochtaithe déantar sonraí talún a chros-seiceáil leis an Scéim Bhunúsach Íocaíochta agus bunaíodh nach raibh dáileacht áirithe talún san áireamh mar choimíneacht i gcoimeádán coimíneachta na Roinne.

In achomharc an achomharcóra tarraingíodh aird ar an bpointe gur sonraíodh san Fhóilió Talún don dáileacht gurb é an t-achomharcóir an lán-úinéir mar “tionónta i gcoiteannas”.

Sonraítear in Alt 3.8 de na Téarmaí agus Coinníollacha le haghaidh Tráinse 3 de GLAS: *“Ciallóidh coimíneacht a d’fhéadfadh a bheith incháilithe le haghaidh íocaíochta tailte atá san áireamh i gcoimeádán coimíneachta na Roinne agus a bhfuil feirmeoireacht i gcoiteannas ar bun air.”*

Aithnítear tionóntaí i gcoiteannas le haghaidh úinéireacht dhlíthiúil ach níl sé ábhartha do cheart féaraigh ag cáiliú le haghaidh cuimsiú sa Choimeádán Coimíneachta. Is é a bheith páirteach sa Choimeádán Coimíneachta cuid den chéad choinníoll faoi GLAS agus is é an dara coinníoll nach mór feirmeoireacht i gcoiteannas a dhéanamh ar an talamh.

Is éard atá i gceist le talamh coimíneachta talamh atá ar fáil do roinnt páirtithe le haghaidh féarach i gcoiteannas ainmhithe. Ní bheidh coimíneacht faoi úinéireacht aon duine ar leith nó grúpa daoine ach tá sí inrochtana do gach duine chun críche talamh féaraigh sa chomharsanacht sin. Tá sé comhsheasmhach le cuspóirí GLAS arb ionann é agus scéim chomhshaoil chun cabhrú le caighdeán comhshaoil tailte atá faoi réir cineálacha éagsúla feirmeoireachta agus iad a chaomhnú.

Sainmhíníonn an Roinn coimíneacht ar bhealach atá comhsheasmhach le Rialacháin an AE agus a chabhraíonn chun an cineál talún atá faoi réir GLAS i gcomhréir le cuspóirí agus téarmaí agus coinníollacha na scéime a shainaithint.

Dícheadaíodh an t-achomharc.

### 5.11. Cás 11 – An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS) Tráinse 3

Rinne an t-amharcóir iarratas chun a bheith páirteach in GLAS (Tráinse 3) trí chóras ar líne na Roinne in 2016. Chuir an Roinn in iúl don amharcóir in 2017, faoi na critéir roghnúcháin, go raibh an scór a baineadh amach do na gníomhartha a cuireadh in iúl ar iarratas an achomharcóra rangaithe mar iarratas leibhéal 3 agus go raibh a scór cothrom le 6.0, rud a chiallaigh nár baineadh amach an pasmharc 16.5. Shonraigh an Roinn, dá bharr sin, nár roghnaíodh iarratas an achomharcóra le bheith páirteach in GLAS.

Rinne an t-achomharcóir achomharc ar na forais go raibh talamh coimíneachta aige ach nach raibh an táb coimíneachta le feiceáil aige nuair a rinne sé a iarratas GLAS ar líne, agus go mbeadh an tairseach roghnúcháin comhlíonta aige dá mbeadh iarratas déanta aige bunaithe ar a thalamh coimíneachta. Luadh sna forais achomhairc gur fhógair gaol den achomharcóir an choimíneacht in 2015 don Scéim Bhunúsach Íocaíochta (SBÍ) ach gur cailleadh é níos déanaí an bhliain sin.

Chinn an tOifigeach Achomhairc go ndearna an t-achomharcóir iarratas ar SBÍ den chéad uair in 2016, agus mar chuid den iarratas seo cuireadh an talamh coimíneachta san áireamh sa talamh a fógraíodh a bheith ar fáil dóibh. Chinn an tOifigeach Achomhairc san iarratas seo gur fhógair an t-achomharcóir dhá dháileacht coimíneachta, agus go raibh 1/5ú de choimíneacht éilithe sa dá chás; le limistéir éilithe de 2.81 heicteár agus 14.68 heicteár le haghaidh na ndáileachtaí seo. Chinn an tOifigeach Achomhairc, áfach, nach raibh an ghníomhaíocht coimíneachta curtha ar fáil don achomharcóir ag céim iarratais GLAS mar nach raibh a limistéar coimíneachta fíoraithe faoi SBÍ ag an Roinn ag an staid sin. Chinn an tOifigeach Achomhairc, dá mbeadh an ghníomhaíocht coimíneachta ar fáil don

achomharcóir, go mbeadh stádas leibhéal 1 bainte amach aige agus go mbeadh rochtain tosaíochta sa scéim aige.

Tugadh faoi deara gur eisigh an Roinn dhá litir chuig an achomharcóir i mí na Nollag 2016 ag lorg cruthúnais maidir le teidlíocht na dáileachtaí coimíneachta seo a éileamh, agus cuireadh in iúl mura ndearnadh amhlaidh go leanfadh an Roinn lena iarratas SBÍ a phróiseáil gan an cruthúnas. Chinn an tOifigeach Achomhairc gur chuir gníomhaire an achomharcóra an doiciméadú faoin gcoimíneacht ar fáil i lár Eanáir 2017. Chomh maith leis sin, chinn an tOifigeach Achomhairc gur ghlac an Roinn leis an bhfianaise coimíneachta seo agus gur eisíodh íocaíocht SBÍ an achomharcóra go gairid ina dhiaidh sin. Chinn an tOifigeach Achomhairc, áfach, nár ghlac rannóg GLAS na Roinne leis seo chun críche GLAS mar gurb é an 15 Nollaig 2016 an dáta deiridh d'iarratais ar GLAS.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc téarmaí agus coinníollacha na Scéime agus na ciorcláin ábhartha GLAS i ndáil le ceanglais choimíneachta agus nótaí míniúcháin ina leith.

Chinn an tOifigeach Achomhairc:

- ba é 2016 an chéad bhliain a ndearna an t-achomharcóir iaratas ar SBÍ, ag fógairt an talamh coimíneachta ar a fhoirm iarratais i mBealtaine 2016, agus gur úinéir tréada cláraithe ba ea é in 2016 agus gur cheadaigh an coinníoll seo an t-achomharcóir a bhreithniú mar iarratasóir incháilithe coimíneachta le haghaidh GLAS 3,
- chuir an t-achomharcóir doiciméadú tacaíochta ar fáil don Roinn i ndáil lena cheart talamh coimíneachta a chur san áireamh le haghaidh SBÍ 2016 ar an 2 Samhain 2016, dáta a bhí roimh an dáta deiridh d'iarratas GLAS 3,
- ghlac rannóg SBÍ na Roinne lena thalamh coimíneachta mar limistéar incháilithe do 2016 cé nár chuir sé an doiciméadú tacaíochta deiridh ar fáil go dtí lár Eanáir 2017, agus

- tá an córas IACS agus SBÍ ag tacú go láidir le bonneagar riaracháin GLAS, a bhailíochtaigh ceart an achomharcóra limistéar coimíneachta a éileamh le haghaidh 2016 agus na blianta ina dhiaidh sin.

Chinn an tOifigeach Achomhairc gur cheart glacadh go siarghabhálach leis an limistéar coimíneachta a d’éiligh an t-achomharcóir le haghaidh SBÍ 2016 do GLAS 3, a d’éascaigh an ghníomhaíocht coimíneachta agus a cheadaigh rannpháirtíocht sa scéim. Ceadaíodh an t-achomharc.

### 5.12. Cásanna athbhreithnithe ag an Roinn - Sonraí agus Géanómaíocht Mhairteola (GSM) 2015-2020

Bhain roinnt achomharc a cuireadh faoi bhráid na hOifige le cinntí a rinne an Roinn maidir le hainmhithe a rugadh in 2015 a fuair toradh deimhneach ar thástáil le haghaidh BVD an bhliain sin agus nach raibh diúscartha laistigh de 7 seachtaine ón gcéad tástáil BCD a dhéanamh, rud ba chúis leis an bhfeirmeoir a chur as an áireamh le haghaidh íocaíochta do scéim 2016.

Sonraíodh i dtéarmaí agus coinníollacha GSM 2015 mura bhfaightear réidh leis an ainmhí laistigh de 7 seachtaine ón gcéad tástáil a dhéanamh nach gcuirfear an feirmeoir san áireamh le haghaidh íocaíochta an bhliain ina dhiaidh sin. Ag deireadh 2017, áfach, athraíodh rialacha na scéime (mar a bhforáiltear dóibh sna Téarmaí agus Coinníollacha) agus cheadaigh na rialacha nua do dhiúscairt an ainmhí roimh an 31ú Márta an bhliain dár gcionn, gan aon phionós. Ansin cuireadh an t-athrú seo i bhfeidhm i ndáil le hainmhithe a rugadh in 2016 (i.e. ainmhithe a rugadh sa bhliain roimh an riail a athrú) ach níor cuireadh an riail i bhfeidhm i ndáil le hainmhithe a rugadh in 2015. Níor léir don Oifig cén fáth a raibh roinnt de na hiarratasóirí ach ní na hiarratasóirí ar fad (agus/nó cuid de na hainmhithe ach ní na hainmhithe ar fad) curtha as an áireamh - iarratasóirí a rinne iarratas siarghabhálach ar an riail nua. Ní raibh sé soiléir, dar leis an Oifig seo, bunaithe ar na Téarmaí agus Coinníollacha cén fáth, mar shampla, dá mbeadh lao ag feirmeoir a rugadh in 2015 agus lao a rugadh in 2016 a fuair toradh deimhneach ar thástáil agus nár fuarthas réidh leo laistigh de 7 seachtaine, nach mbeadh ach lao amháin

incháilithe: Scríobh an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta chuig an Roinn ag lorg soiléirithe maidir leis na téarmaí agus coinníollacha. D'fhreagair an Roinn trína chur in iúl go raibh an ní breithnithe agus gur cinneadh go mbeadh na rialacha athbhreithnithe i bhfeidhm i ndáil leis an mbliain 2015 freisin. Rinne an Roinn na cinntí a bhí á n-achomharc a athbhreithniú ina dhiaidh sin i bhfabhar an iarratasóra.

## 6. Moltaí don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

***6.1. Gach Scéim:*** Ag féachaint go cuí do scéimeanna rialaithe reachtaíocht AE, bheadh sé cabhrach, nuair a bhíonn cinntí á n-eisiúint a thagraíonn do phionóis, dá dtagródh an Roinn don reachtaíocht ábhartha agus do na hairteagail shonracha sna Rialacháin rialaithe a thacaíonn leis na forálacha éagsúla i ndoiciméid Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime, go háirithe iad siúd a bhaineann le smachtbhannaí nuair nach mór déine, fairsinge, buaine, tréimhse agus atarlú an neamhchomhlíonta a chur san áireamh. Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí ó dhoiciméid reatha na Roinne conas a chuirtear forálacha sonracha na reachtaíochta rialaithe i bhfeidhm i ndáil le gach cinneadh agus ní thagraítear i gcónaí i dtéacs dhoiciméid Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime do na hAirteagail reachtacha atá ag tacú leis na

bearta/gníomhartha/smachtbhannaí. Admhaítear go gcuirtear an liosta de reachtaíocht rialaithe ar fáil sna Téarmaí agus Coinníollacha.

***6.2.*** ***Gach Scéim**:* Léirítear sna staitistic a fuair agus a dhún an Oifig Achomhairc go raibh beagnach 19% de na hachomhairc a fuarthas in 2018 agus a dúnadh in 2018 athbhreithnithe ag an Roinn i rith an achomhairc ach roimh chinneadh Oifigeach Achomhairc a thabhairt i gcrích. I gcás fhormhór na gcásanna seo, bhí athbhreithniú inmheánach déanta ag an Roinn ar an gcás cheana féin sular cuireadh an t-achomharc isteach agus ní raibh a cinneadh bunaidh athraithe ag an Roinn bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil an t-am sin. Admhaítear uaireanta go gcuireann achomharcóirí níos mó faisnéise ar fáil don Oifig Achomhairc ná mar a cuireadh ar fáil don Roinn agus/nó go gceistíonn an Oifig Achomhairc seasamh a ghlac an Roinn maidir leis na rialacha foilsithe. Moltar nuair a chuireann Iarratasóirí iarratas chuig an Roinn chun cinneadh bunaidh na Roinne a athbhreithniú gur cheart don Roinn a mholadh dóibh an fhaisnéis ar fad a d’fhéadfadh cabhrú lena gcás a chur ar fáil. Chabhródh sé seo leis an Roinn, leis an achomharcóir agus leis an Oifig Achomhairc an t-ualach oibre a bhaineann le déileáil le hachomharc nuair nach gá a laghdú, rud a chabhródh chun an t-ualach riaracháin a laghdú do gach duine agus an tréimhse ama éiginnteachta a laghdú d’iarratasóirí.

***6.3*** ***Gach Scéim:*** Maidir le hiniúchtaí allamuigh agus ag tabhairt aird mar is cuí ar na rialacha rialaithe, creideann an Oifig Achomhairc go bhfuil sé riachtanach tagairt a dhéanamh don tábhacht a bhaineann le hiarratasóirí nó a gcuid ionadaithe a bheith i láthair i rith iniúchtaí allamuigh. Moltar gur cheart don Roinn gach iarracht a dhéanamh teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir nó lena ionadaí nuair a bhíonn iniúchtaí allamuigh á ndéanamh, lena n-áirítear iad siúd nár tugadh réamhfhógra ina leith, agus go gcuirtear na príomhthorthaí sonracha agus na hiarmhairtí féideartha in iúl don iarratasóir nó dá ionadaí nuair a bhíonn cinneadh déanta maidir leis na torthaí. Moltar chomh maith go bhféadfadh sé a bheith cabhrach do na páirtithe ar fad dá dtógfaidís grianghraif de limistéir a mbaineann torthaí féideartha neamhchomhlíonta leo i rith an iniúchta, go háirithe chomh fada is a bhaineann le haon neamhchomhlíonadh ar ábhar easaontais iad idir na páirtithe ar an lá.

*6.4* ***Scéimeanna limistéar-bhunaithe:*** Mar a luadh i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite is cosúil go bhfuil easpa tuisceana ag roinnt iarratasóirí ar na hiarmhairtí a bhaineann leis na pionóis shuntasacha a d'fhéadfaí a ghearradh ar iarratasóirí sa chás go laghdaítear limistéar incháilithe faoi SBÍ nó má tá neamhréir idir an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san iarratas bliantúil SBÍ/Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile agus iarratais cheadaithe iarratasóirí ar GLAS etc.. Mhol an Oifig seo roimhe seo gur cheart an éifeacht agus riosca praiticiúil a bhaineann leis sin a dhéanamh an-soiléir sna téarmaí agus coinníollacha bliantúla a ghabhann leis an iarratas bliantúil. Mar a luadh i dtuarascáil bhliantúil 2017, b'fhéidir go gcabhródh rannóg 'Ceisteanna Coitianta' leis na téarmaí agus coinníollacha eisithe, le samplaí praiticiúla, leis seo.

*6.5* ***Cinntí Roinne***: Cé gur tharla roinnt feabhsúcháin in 2018, ní shainaithnítear i ngach litir chinnidh nó ráiteas Roinne eisithe chuig an Oifig Achomhairc go bhfuil an scéim faoi réir an achomhairc. Ní mór go sonrófar i ngach litir chinnidh Roinne a eisítear d'achomharcóirí ainm sonrach na scéime, tráinse na scéime más ábhartha, agus bliain na scéime i gceist. Go háirithe, i ndáil le Tráinsí TAMS, i bhfianaise líon mór na scéimeanna, trainsí, agus athbhreithnithe TAMS ar Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime, bheadh sé cabhrach dá sonródh an Roinn i ngach tuarascáil ar chásanna den sórt sin don Oifig Achomhairc, cén tráinse de scéim TAMS atá á achomharc.

## *7.* ***Moltaí d'iarratasóirí scéime***

*7.1.* ***Gach Scéim***: Mar a bhí i gceist sna blianta roimhe seo, bhí *Force majeure* le tabhairt faoi deara go rialta sna forais achomhairc. Tá sé ábhartha, dá réir sin, na pointí a rinneadh roimhe seo i dtuarascálacha bliantúla eile a athrá. Ní mór d'Oifigigh Achomhairc cloí leis na rialacha a bhfuil na scéimeanna á rialú acu a sholáthraíonn imthosca an-teoranta chun achomhairc a cheadú ar fhorais *force majeure*. Príomhphrionsabal atá le cur san áireamh nuair atá *force majeure* á chur i bhfeidhm is ea an féidir glacadh leis na himthosca is cúis leis an

neamhchomhlíonadh mar ámharach agus lasmuigh de rialú an iarratasóra. Go háirithe, sa chás go bhfuil riosca sainaitheanta, bheifí ag súil go ndéanfadh iarratasóirí gníomh a thionscnamh gan mhoill agus gach cúram is cuí a dhéanamh chun na ceanglais a chomhlíonadh. Tá sé tábhachtach go gcuireann iarratasóirí aon imthosca a bhféadfaí glacadh leo mar force majeure in iúl don Roinn laistigh den tréimhse riachtanach 10 lá.

**7.2.** ***Gach Scéim:*** Moltar d'fheirmeoirí a bheith cúramach nuair a bhíonn a gcóras trádála á athrú acu, i.e. trádálaí aonair, comhpháirtíocht nó struchtúr cuideachta, mar, nuair a bhíonn siad páirteach i gconradh leis an Roinn, d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ag aon athrú ar ainm nó iarratasóir/tairbhí, mar shampla, trí iarratasóirí comhpháirteacha a athrú go dtí comhpháirtíocht nó ó chomhpháirtíocht go dtí cuideachta theoranta, i rith thréimhse an chonartha, cosúil le diúltú ón scéim agus aisghabháil cistí íoctha.

**7.3.** ***Gach Scéim:*** Bunaithe ar an gcéatadán níos airde achomharc ar éirigh leo mar gur athbhreithnigh an Roinn a cinneadh i ndiaidh don achomharcóir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Achomhairc, tá sé ábhartha tagairt arís do nós imeachta athbhreithnithe na Roinne atá ar fáil d'iarratasóirí. Féadfaidh gach feirmeoir a fhaigheann cinneadh ón Roinn i gcoinne a n-iarratas, iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú inmheánach Roinne ar an gcinneadh sin roimh achomharc a dhéanamh leis an Oifig Achomhairc. Nuair a bhíonn athbhreithniú den sórt sin á iarraidh, moltar go gcinnteodh feirmeoirí go bhfuil an fháisnéis ábhartha ar fad atá ag tacú lena gcás curtha ar fáil mar chuid dá n-iarratas chuig an Roinn. Trí chinntiú go bhfuil na himthosca ar fad ar eolas ag an Roinn d'fhéadfadh an Roinn an cinneadh bunaidh a athrú roimh achomharc a chur faoi bhráid na hOifge seo, rud a shábhálfadh am don iarratasóir.

**7.4.** ***Gach Scéim:***Maidir le hiniúchtaí allamuigh agus le haird chuí ar na rialacha rialaithe, moltar go mbeadh iarratasóirí nó ionadaithe dá gcuid i láthair i rith iniúchtaí allamuigh. Ba cheart ainmneacha agus uimhreacha teagmhála a chur ar fáil don Roinn roimh ré ar fhaitíos go mbíonn iniúchtaí gan fógra i gceist. Ba cheart

grianghraif a thógáil áit ar féidir ina bhfuil limistéir a mbaineann torthaí féideartha neamhchomhlíonta leo

7.5. ***Gach Scéim**:* I rith na bliana, tugadh faoi deara go bhfuil deacrachtaí fós ann maidir le cruthúnas poist: chomh fada agus is féidir, ba cheart d'iarratasóirí úsáid a bhaint as an tsaoráid phoist mholta atá sonraithe sna téarmaí agus coinníollacha nuair a bhíonn doiciméid thábhachtacha á gcur sa phost.

7.6. ***Ceanglais Bainistíochta Reachtúla Tras-Chomhlíonta do Shainaithint agus Clárúchán Ainmhithe:*** Is comhpháirt ríthábhachtach de thionscal beostoic na hÉireann é sainaithint agus clárúchán ainmhithe. Baineann fíorthábhacht le hinrianaitheacht san earnáil bia go háirithe i ndáil le gnéithe sláinte, agus chomh maith leis sin, chomh fada is a bhaineann le tacú le heaspórtálacha chuig margaí eachtracha. Tá na ceanglais bainistíochta reachtúla a bhaineann le sainaithint agus gluaiseachtaí ainmhithe a chomhlíonadh ríthábhachtach. Baineann iarmhairtí le teip cloí leo, ní hamháin don duine aonair i gceist i bhfoirm pionós, ach do chomhthéacs níos leithne earnáil beostoic na hÉireann.

7.7. ***Tras-Chomhlíonadh DRTC:*** Ba cheart d'fheirmeoirí aird a thabhairt ar an ngá atá le cloí leis na caighdeáin dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, ar a dtugtar DRTC, go háirithe chomh fada is a bhaineann le baint fál sceach. Díríonn caighdeáin DRTC ar ithir, cosaint agus cothabháil ábhar orgánach ithreach, meathlú gnáthóg a sheachaint, agus cosaint uisce. Maidir le baint fál sceach, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach ag na héifeachtaí atá aici ar an gcomhshaol, gnáthóga a scriosadh, agus éifeacht dhíobhálach a bheith aici ar bhithéagsúlacht. Ba cheart go mbeadh aird ar leith ag feirmeoirí, nuair a bhíonn gnéithe tírdhreacha cosúil le fálta sceach á mbaint acu, ar an damáiste a dhéantar don ghnáthóg, agus chomh maith leis sin, ar na pionóis a bheidh infheidhme mura n-athphlandaítear an fál sceach roimh ré.

***7.8. Géanómaíocht Sonraí Mairteola:*** Moltar go dtabharfadh feirmeoirí aird ar an gceanglas laonna a choimeád ar feadh 5 mhí ionas go mbeidh siad incháilithe le haghaidh íocaíochta.

***7.9. GLAS:*** I rith na bliana, thug an Oifig seo aird ar shaincheisteanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh an ghníomhartha tosaíochta. Tá sé ríthábhachtach go dtuigfeadh feirmeoirí nach mór an gníomh tosaíochta faoi GLAS a chomhlíonadh. Baineann tábhacht ar leith leis seo sa chás nach bhfuil ach gníomh tosaíochta amháin ag an iarratasóir.

***7.10. Scéim na bhFeirmeoirí Óga:*** Ba cheart d'fheirmeoirí a thabhairt faoi deara go dtosaíonn an tréimhse 5 bliana don íocaíocht faoin scéim seo ón dáta a fhaightear an tréad-uimhir. Ní gá i gcónaí go bhfaigheadh iarratasóir 5 bliana íocaíochta faoin scéim, ní gá go mbeadh sé incháilithe ach le haghaidh 3 nó 4 bliana, ag brath ar an dáta a bhfaightear an tréad-uimhir.

***7.11. Scéim Orgánach:*** Caithfear an síntiús don cheadúnas orgánach a íoc gach bliain d'fhonn comhlíonadh leis an scéim agus íocaíocht a chinntiú. Mura ndéantar amhlaidh d'fhéadfaí duine a chur as an áireamh ón scéim agus íocaíochtaí a bheith á n-aisghabháil ag an Roinn.

***7.12. Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe:*** Is é an t-iarratas ar an Scéim Bhunúsach Íocaíochta (SBÍ) an t-iarratas do Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe eile freisin. Dá réir sin, tá dlúthnasc díreach idir an t-iarratas bliantúil agus na tiomantais agus gealltanais atá ceadaithe cheana féin faoi scéimeanna Limistéar-Bhunaithe ilbhliantúla cosúil le GLAS. Dá réir sin, ní mór go mbeadh dearbhú maidir le méid agus úsáid limistéir comhsheasmhach san iarratas bliantúil SBÍ/Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe Eile le faisnéis in iarratais agus ceaduithe atá eisithe agus ceadaithe cheana féin do Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe eile. D'fhéadfadh go mbeadh éifeacht dhíreach ag difríocht i méid nó úsáid limistéir dearbhaithe ar an iarratas bliantúil nó aimsithe i ndiaidh iniúchta ar íocaíochtaí a bhaineann le tiomantais agus gníomhartha atá ceadaithe cheana féin do Scéimeanna Limistéar-

Bhunaithe eile, rud is cúis le pionóis shuntasacha agus aisghlámadh íocaíochtaí blianta roimhe. Dá réir sin, ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis curtha ar fáil ar a n-iarratas bliantúil comhsheasmach le cibé tiomantais atá déanta acu agus atá ceadaithe. Ní mór go dtuigfeadh iarratasóirí an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag neamhchomhlíonadh le ceanglas scéim amháin de Scéimeanna Limistéar-Bhunaithe eile. Lena chois sin, nuair a fhaightear fógra maidir le pionós beartaithe/limistéar laghdaithe/neamhchomhlíonadh maidir le haon scéim, ba cheart d'iarratasóirí eolas a fháil láithreach ón Roinn faoi na hiarmhairtí, más ann dóibh, do scéimeanna eile sula ndéanann an Roinn cinneadh críochnaitheach agus nuair a bhíonn cinntí den sórt sin a achomharc á bhreithniú. Ba cheart laghduithe sách neamhshuntasach atá molta lena n-áirítear iad siúd atá sainaitheanta i ndiaidh iniúchtaí Cianbhraiteachta a scrúdú go mion sa chomhthéacs sin.

***7.13. TAMS II: Scéim Infheistíochta Caipitil d'Fheirmeoirí Óga***. Ceann de na ceanglais incháilitheachta den scéim seo is ea nach mór don fheirmeoir iarratas a bhunú den chéad uair laistigh de 5 bliana ó iarratas a fháil faoin Scéim seo. Ceann de na critéir a úsáidtear don dáta bunaithe é dáta an iarratais chun clárú mar úsáideoir aonair nó úsáideoir comhpháirteach tréad-uimhreach/aitheantóir Roinne eile. Úsáideann roinnt feirmeoirí óga an dáta a bhfuair siad a dtréad-uimhir seachas an dáta ar a ndearna siad iarratas. Ba cheart d'fheirmeoirí an dáta ar a ndearna siad iarratas ar thréad-uimhir a sheiceáil leis an Roinn.

***7.14. Scéimeanna a éilíonn tiomantais/gníomhartha ilbhliantúla:*** Mar a tagraíodh dó i mblianta roimhe seo, ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil aon léasanna talún le haghaidh tréimhse atá cothrom le nó níos déanaí ná a dtéarma conartha. Roimh aon chinntí a dhéanamh maidir le tiomantais/gníomhartha ceadaithe (lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do dhíol talún, neamh-athnuachan léasanna, nó, cinntí gan gníomhartha a thosú nó a chríochnú atá san áireamh ina gconradh ilbhliantúil), ba cheart d'iarratasóirí sonraí a gconartha leis an Roinn a sheiceáil, lena n-áirítear dátaí dul as feidhm, téarmaí agus coinníollacha na scéime agus/nó tuairim na Roinne a fháil roimh leanúint ar aghaidh le cinntí den sórt sin.

7.15. ***Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu:*** Mar a luadh i mblianta roimhe seo, ní mór go mbeadh tuiscint ag iarratasóirí ar na pionóis a d'fhéadfadh a bheith i gceist mura gcuirtear an fhoirm Mhóráirimh Caorach isteach faoin spriocdháta cuí. Ba cheart smaoineamh ar an áis ar líne a úsáid.

7.16. ***Achomharc a chur isteach – spriocdháta trí mhí***: Má chuireann feirmeoir achomharc isteach lasmuigh den spriocdháta trí mhí chun achomhairc a fháil, ba cheart don fheirmeoir a shonrú agus doiciméid thacaíochta a chur ar fáil chun an chúis a bhí leis an achomharc a chur isteach deireanach a mhíniú – ba cheart d'fheirmeoirí a thabhairt faoi deara nach gá gurb ionann na cúiseanna seo agus na forais chéanna achomhairc a bhí leis an achomharc a chur isteach i gcoinne chinneadh na Roinne.

7.17. ***Achomharc a chur isteach – Litir cinnidh Roinne***: Nuair a bhíonn achomharc á chur isteach, ba cheart d'fheirmeoirí cóip de chinneadh na Roinne ar ábhar don achomharc é a chur ar fáil. Cabhróidh sé seo chun déileáil leis an achomharc go tapa agus cinneadh a dhéanamh maidir le an bhfuil an t-achomharc bailí.

**Aguisíní**

| | |
|---|---|
| Aguisín A | Cairt Eagraíochta |
| Aguisín B | An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta 2001<br>agus<br>Alt 35 d'Acht Foraoiseachta 2014 lena leasaítear an tAcht Achomhairc Talmhaíochta 2001 |
| Aguisín C | IR. 193/2002, Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002 |
| Aguisín D | Tagairt do reachtaíocht ábhartha eile |

Aguisín A

An Oifig Achomhairc Talmhaíochta

Cairt Eagraíochta 2018

**Stiúrthóir**

Angela Robinson, Uasal

**Leas-Stiúrthóir *(Folamh)***

**Oifigigh Achomhairc**

Jim Byrne, Uasal

Siobhán Casey, Uasal

Pat Coman, Uasal

James Conway, Uasal

Jim Gallagher, Uasal

Séan Heneghan, Uasal (cuid den bhliain)

**Riarachán**

**Ardoifigeach Feidhmiúcháin**

Anne- Marie Fitzpatrick, Uasal (cuid den bhliain)

Ruth Kinehan, Uasal (cuid den bhliain)

**Oifigigh Feidhmiúcháin**

Fionnuala Marum, Uasal

Carmel Mc Sweeney, Uasal

# Aguisín B

Uimhir 29 de 2001

## AN tACHT UM ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA, 2001

### RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Ceapadh oifigeach achomhairc.
3. An Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta.
4. An Leas-Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta.
5. Feidhmeanna oifigeach achomhairc.
6. Neamhspleáchas oifigeach achomhairc.
7. Ceart achomhairc.
8. Éisteachtaí ó bhéal.
9. Cinntí.
10. Cinntí Athbhreithnithe an Stiúrthóra agus na n-oifigeach achomhairc.
11. Achomhairc chun na hArd-Chúirte.
12. Uiríll faoin Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000.
13. Uiríll ó dhéileálaithe áirithe ainmhithe agus éanlaithe clóis.
14. Tuarascálacha bliantúla.

15. Rialacháin.

16. Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

17. Caiteachais an Aire.

18. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht an Ombudsman, 1980.

19. Gearrtheideal.

[Uimh. 29.] An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001. [2001.]

SCEIDEAL

Scéimeanna

---

Na hAchtanna Dá dTagraítear

Na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe, 1966 go 2001

An tAcht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000, Uimh. 2

Acht an Ombudsman, 1980, Uimh. 26

Uimhir 29 de 2001

AN tACHT UM ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA, 2001

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CEAPADH OIFIGEACH ACHOMHAIRC CHUN ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR CHINNTÍ ACHOMHAIRC OIFIGEACH DON AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS FORBARTHA TUAITHE I NDÁIL LE SCÉIMEANNA ÁIRITHE AGUS CHUN SOCRÚ A DHÉANAMH I DTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [An 9ú Iúil, 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn ‘‘oifigeach achomhairc’’ oifigeach achomhairc ceaptha faoi alt 2;

ciallaíonn ‘‘Státseirbhís’’ Státseirbhís an Rialtais agus Státseirbhís an Stáit;

ciallaíonn ‘‘Stiúrthóir’’ an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta;

folaíonn ‘‘feidhmeanna’’ cumhachtaí, dualgais agus oibleagáidí;

ciallaíonn ‘‘Aire’’ an tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe;

ciallaíonn ‘‘forordaithe’’ forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(2) San Acht seo—

(a) aon tagairt d'alt nó do Sceideal is tagairt í d'alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d'fho-alt nó do mhír, is tagairt í d'fho-alt nó do mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(c) folaíonn tagairt d'achtachán tagairt don achtachán sin arna leasú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an tAcht seo, agus

(d) aon tagairt d'ionstraim reachtúil forléireofar í mar thagairt don ionstraim sin arna leasú, arna hoiriúnú nó arna leathnú le haon ionstraim reachtúil dá éis.

Ceapadh oifigeach achomhairc.

2.—Féadfaidh an tAire cibé daoine agus cibé líon oifigeach a mheasfaidh sé nó sí is gá a cheapadh, i ndiaidh a roghnúchán ag comórtais reáchtáilte ag na Coimisinéirí um Cheapacháin Seirbhís Phoiblí agus Áitiúil, chun bheith ina n-oifigigh achomhairc chun críocha fhorálacha an Achta seo.

An Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta

3.—Ceapfaidh an tAire, i ndiaidh roghnúcháin ag comórtas arna reáchtáil ag an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil nó na Coimisinéirí um Cheapacháin Seirbhís Phoiblí agus Áitiúil, duine ag a bhfuil post laistigh den Státseirbhís mar phríomhoifigeach achomhairc ar a dtugtar an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta, agus dá dtagraítear san Acht seo mar an ''Stiúrthóir''.

An Leas-Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta.

4.—Ainmneoidh an tAire duine de na hoifigigh achomhairc chun feidhmiú mar ionadaí don Stiúrthóir nuair nach bhfuil sé nó sí ar fáil.

Feidhmeanna oifigeach achomhairc.

5.—(1) Is iad feidhmeanna na n-oifigeach achomhairc breithniú a dhéanamh agus cinntí a dhéanamh maidir le hachomhairc déanta ag daoine lena mbaineann i gcoinne cinntí déanta ag oifigigh an Aire i ndáil le hiarratais ar theidlíocht faoi na Scéimeanna atá leagtha amach sa Sceideal.

(2) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, an Sceideal a leasú trí rialúcháin chun aon Scéim nó cuid de Scéim a chur le nó a scriosadh ón Sceideal.

Neamhspleáchas oifigeach achomhairc.

6.—Beidh oifigigh achomhairc, faoi réir an Achta seo, neamhspleách nuair a bheidh a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu.

Ceart achomhairc.

7.—(1) Sa chás go bhfuil duine míshásta le cinneadh ó oifigeach nó ón Aire i ndáil le teidlíocht an duine sin faoi aon cheann de na Scéimeanna atá leagtha amach sa Sceideal, déanfar an cinneadh, nuair a thugtar fógra achomhairc don Stiúrthóir, laistigh den am forordaithe agus san fhoirm forordaithe, a tharchur chuig oifigeach achomhairc.

(2) D'fhéadfaí go ndéanfaí foráil i rialacháin don nós imeachta atá le leanúint maidir le hachomhairc faoin Acht seo.

(3) Ní bheidh oifigeach achomhairc, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh faoi cheist dá dtagraítear di faoi fho-alt (1), teoranta do na forais ar a raibh cinneadh an oifigigh cinnidh bunaithe, ach féadfaidh sé nó sí breith a thabhairt ar an ní is ábhar don achomharc amhail is dá mbeadh cinneadh á thabhairt air den chéad uair.

(4) Déanfaidh oifigeach achomhairc achomharc a chinneadh, a luaithe is indéanta, ag féachaint d'aon treoirlínte eisithe nó rialacháin déanta ag an Aire i ndáil leis seo.

Éisteachtaí ó bhéal.

8.—(1) Reáchtálfaidh oifigeach achomhairc, má iarrann an tAchomharcóir é, éisteacht ó bhéal chun críche achomhairc arna tharchur chuige nó chuici faoin Acht seo.

(2) Is go príobháideach a reáchtálfar éisteacht ó bhéal faoin alt seo.

(3) Féadfaidh Achomharcóir ionadaíocht a dhéanamh dó nó di féin nó féadfaidh duine éigin eile ionadaíocht a dhéanamh dó nó di ag éisteacht ó bhéal a (h)achomhairc.

(4) Sa chás go bhfuil duine éigin eile ag déanamh ionadaíochta don Achomharcóir ag éisteacht ó bhéal a (h)achomhairc, féadfaidh an t-oifigeach achomhairc a bhfuil an t-achomharc á éisteacht aige/aici an tAchomharcóir a scrúdú, má mheasann an t-oifigeach gur fóirsteanach déanamh amhlaidh.

(5) Beidh cumhacht ag oifigeach achomhairc, aon ní a tharchuirtear chuige nó chuici faoin Acht seo a éisteacht, fianaise a ghlacadh faoi mhionn agus chun na críche sin féadfaidh sé nó sí a chur faoi deara daoine a bheidh i láthair mar fhinnéithe ag an éisteacht a chur faoi mhionn.

Cinntí.

9.—(1) Cuirfear cinneadh oifigigh achomhairc agus na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin a dhéanamh in iúl don Achomharcóir i scríbhinn.

(2) Glacfar le doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chinneadh déanta faoin Acht seo ag oifigeach achomhairc agus a bheidh sínithe aige nó aici mar chruthúnas ar shíniúchán oifigeach den sórt sin nó a c(h)áil oifigiúil.

(3) Beidh cinneadh oifigigh achomhairc maidir le haon cheist a tharchuirtear chuige nó chuici faoi alt 7(1), faoi réir ailt 10 agus 11, críochnaitheach agus dochloíte.

Cinntí Athbhreithnithe an Stiúrthóra agus na n-oifigeach achomhairc.

10.—(1) Féadfaidh oifigeach achomhairc, ag tráth ar bith, athbhreithniú a dhéanamh ar aon chinneadh de chuid oifigigh achomhairc, más dóigh leis go léi go raibh an cinneadh earráideach i bhfianaise fíricí nua a cuireadh in iúl dó nó di ó dháta déanta an achomhairc, nó más léir dó nó di go raibh aon athrú ábhartha ar imthosca ó rinneadh an cinneadh.

(2) Féadfaidh an Stiúrthóir, ag tráth ar bith, athbhreithniú a dhéanamh ar aon chinneadh atá déanta ag oifigeach achomhairc má shíleann sé nó sí go raibh an cinneadh earráideach mar thoradh ar bhotún éigin a bheith déanta i ndáil leis an dlí nó leis na fíricí.

(3) Beidh éifeacht le cinneadh athbhreithnithe faoin alt seo ó cibé dáta a chinnfidh an t-oifigeach achomhairc i gceist nó a mheasann sé nó sí atá cuí ag féachaint go cuí d’imthosca an cháis.

Achomhairc chun na hArd-Chúirte.

11.—Aon duine atá míshásta le—

(a) cinneadh déanta ag oifigeach achomhairc, nó

(b) cinneadh athbhreithnithe an Stiúrthóra,

féadfaidh sé nó sí an cinneadh sin nó an cinneadh athbhreithnithe, de réir mar a bheidh, a achomharc chun na hArd-Chúirte maidir le haon cheist dlí.

Uiríll faoin Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000.

12.—(1) Sa chás go ndéantar uiríll chuig an Aire faoi alt 15(2) nó 16(2) d'Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000, déanfaidh an tAire i ndiaidh uiríll den sórt sin a fháil iad a chur faoi bhráid an Stiúrthóra, a luaithe agus is féidir, chun comhairle a fháil.

(2) Déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 28 lá ó uiríll den sórt sin a fháil, iad a bhreithniú agus comhairle a chur ar an Aire.

(3) Tabharfaidh an tAire aird ar aon chomhairle a cuireadh air nó uirthi faoin alt seo roimh dhiúltú d'iarratas chun deimhniú ceadaithe faoin Acht réamhráite, a cheadú, nó a chúlghairm.

Uiríll ó dhéileálaithe áirithe ainmhithe agus éanlaithe clóis.

13.—(1) Sa chás go ndéantar uiríll leis an Aire faoi Airteagal 8(1) de na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe, 1966 go 2001 (Ceadú agus Clárúchán Déileálaithe agus Áitreabh Déileálaithe) Ordú, 2001 (I.R.

Uimh. 79 de 2001), féadfaidh an tAire, i ndiaidh uiríll den sórt sin a fháil, a luaithe agus is féidir, iad a chur faoi bhráid an Stiúrthóra chun comhairle a fháil.

(2) Déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 28 lá ó uiríll den sórt sin a fháil, iad a bhreithniú agus comhairle a chur ar an Aire.

(3) Tabharfaidh an tAire aird ar aon chomhairle a tugadh dó nó di faoin alt seo roimh chlárúchán a chúlghairm nó a chur ar fionraí nó diúltú duine nó áitreabh a chlárú faoi Airteagal 8 réamhráite.

Tuarascálacha bliantúla.

14.—(1) A luaithe agus is féidir i ndiaidh dheireadh gach bliana, ach ag tráth nach déanaí ná 6 mhí ina dhiaidh sin, tabharfaidh an Stiúrthóir tuarascáil don Aire maidir lena g(h)níomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí na n-oifigeach achomhairc faoin Acht seo i rith na bliana sin agus cuirfidh an tAire cóipeanna den tuarascáil faoi bhráid gach Teach den Oireachtas.

(2) Beidh tuarascáil faoi fho-alt (1) i gcibé foirm agus áireofar inti faisnéis i ndáil le haon nithe den sórt sin (más ann dóibh) seachas iad siúd dá dtagraítear dóibh san fho-alt sin de réir mar a ordóidh an tAire.

(3) Cuirfidh an Stiúrthóir, nuair a iarrann an tAire, faisnéis ar fáil dó nó di maidir le nithe den sórt sin a d'fhéadfadh sé nó sí a shonrú a bhaineann lena g(h)níomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí oifigeach achomhairc faoin Acht seo.

Rialacháin.

15.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críche an Achta seo a chumasú chun lánéifeacht a bheith aige.

(2) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun aon ní dá dtagraítear dó san Acht seo a fhorordú de réir mar atá forordaithe.

Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

16.—Déanfar rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Caiteachais an Aire.

17.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo, a mhéid is a bheidh ceadaithe ag an Aire Airgeadais, a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht an Ombudsman, 1980.

18.—Leasaítear Cuid I den Chéad Sceideal le hAcht an Ombudsman, 1980, trí ‘‘Roinn Talmhaíochta’’ a chur in ionad an méid seo a leanas:

‘‘Oifigigh Achomhairc na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe faoi Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001’’.

Gearrtheideal.

19.—Féadfar an tAchtum Achomhairc Talmhaíochta, 2001 a ghairm den Acht seo.

SCEIDEAL (arna leasú le IR Uimh. 164 de 2018)

**Scéimeanna**

Scéim um Dheontas Foraoisithe agus Préimhe
An Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta (SRCT)
Scéim um Leas Ainmhithe, Taifeadadh agus Pórúcháin Tréada Diúil (SLATPTD)
Limistéir a bhfuil Srianta Nádúrtha iontu (LSN)
Scéim na Limistéar a bhfuil Srianta Sonracha iontu (Feirmeoireacht Oileáin)
Scéim Bhunúsach Íocaíochta (SBÍ)
Clár Sonraí Mairteola (CSM)
Scéim um Ghéanómaíocht Mhairteola (SGM)
Clár um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola (CSGM)
Scéim Bithfhuinnimh
Clár um Fheirmeoireacht Chaomhnaithe Bhoirne
Clár Bhoirne
Clár um Éifeachtúlacht Déiríochta
Scéim Dídhaonraithe
Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste (SLM) seachas Sainaithint Dáileachtaí Talún
Athbhreithniú Córais 2013 (Athbhreithniú CSST 2013)
Scéim Feabhsúcháin Feirme
Scéim Cosaintí na Timpeallachta Foraoise (SCTF)
Ábhar Atáirgeach Acmhainní Géiniteacha Foraoise: Clampa Síolta & Síolghort
Scéim
Scéim na mBóithre Foraoise
An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS)
Íocaíocht Ghlasaithe

Scéim Caorach Féarthalaimh (SCF)
Scéim Deontas Cruatain
Scéim Forlíonadh Ioncaim
Scéim Teicneolaíocht Nuálach Foraoise — Lártheannadh Bonn
Scéim Cabhrach Suiteála (SCS)
Clár Aistrithe Eolais (AE)
Scéim um Chaomhnú Coilte Dúchasacha
Scéim na gCoillte Dúchasacha
Scéim na Coille Seo Againne
Gnéithe neamhluachála na Scéime Luachála Feirme le haghaidh TB agus Bruisealóis Frithghníomhaithe
Scéim Feirmeoireachta Orgánaí
Cosc agus Athchóiriú Damáiste d'Fhoraoisí: Athbhunú Coillearnaí
Scéim (Windblow)
Scéim Cabhrach Próitéine
Scéim Athbhunaithe Coillearnaí
Scéim Athbhunaithe (Críonadh Siar Chalara Fuinseoige) 2014-2020
An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS)
Scéim Luathscoir ón bhFeirmeoireacht
Scéim Cúnaimh Deontais d'Fhorbairt na hEarnála Orgánaí
Scéim Cúnaimh Deontais d'Fheabhsúcháin ar Chaighdeáin Leas Ainmhithe (Tithíocht Cránacha)
Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramhaíl Feirme (BDF)
Scéim um Chúnamh Infheistíochta d'Fhorbairt Gairneoireacht Thráchtála
Earnáil (seachas cinntí maidir le ceadú iarratas)
Scéim um Chúnamh Infheistíochta chun Caighdeáin Sláinteachtas Déiríochta a Fheabhsú (CSD)
Scéim um Chúnamh Infheistíochta i bhFiontair Mhalartacha (Áiseanna Tithíochta agus Láimhseála) (ÁTL)
Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Léiriú Próiseáil Dramhaíola Feirme
Áiseanna
Scéim um Leas Caorach
Scéim Íocaíochta Aonair, seachas Airteagal 37(2), 40 agus 42 de Chaibidil 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1782/20031 ón gComhairle agus Córas Sainaitheanta Dáileachtaí Talún
Athbhreithniú 2013 (Athbhreithniú CSST 2013)
Scéim Tithíochta Cránacha (Leas Ainmhithe)
Tacaíocht le haghaidh Scéim Deontais Comhfheirmeoireachta
Scéim Spriocdhírithe Nuachóirithe Talmhaíochta (TAMS), lena n-áirítear — (RDP 2007-2013)

- (a) An Scéim Trealamh Déiríochta
- (b) An Scéim Leas Éanlaithe Clóis
- (c) An Scéim Fálaithe Caorach/Trealamh Láimhseála Soghluaiste
- (d) An Scéim Leas Tithíochta Cránacha
- (e) An Scéim Bailithe Báistí, agus
- (f) An Scéim Sábháilteachta Feirme

Scéim Spriocdhírithe Nuachóirithe Talmhaíochta II (TAMS II) RDP 2014–2020)

- (a) An Scéim um Leas Ainmhithe, Sábháilteacht agus Stóráil Cothaitheach

(b) An Scéim Trealamh Déiríochta
(c) Scéim Trealamh Leata Sciodair Astaíochtaí Ísle (STLS)
(d) An Scéim Infheistíochta Caipitil Orgánaí
(e) An Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe Clóis
(f) Scéim Infheistíochta Caipitil na bhFeirmeoirí Óga, agus
(g) Scéim Infheistíochta Caipitil Curaíochta

Scéim Deontais na bhFoirgneamh Traidisiúnta Feirme 2017 agus 2018
Scéim Íocaíochta na gCaorach Ardtalún
Beart Tacaíochta Caillteanas Barr Aimsir-Ghaolmhar
Scéim Feabhsúcháin Coillearnaí
Scéim Suiteála na bhFeirmeoirí Óga
Scéim na bhFeirmeoirí Óga.
.

*Sliocht ó*

**ACHT FORAOISEACHTA 2014**[i] (lena leasaítear an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta)

CUID 11

Leasú ar an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001

35. Leasaigh Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001—

(a) in alt 5—

(i) i bhfo-alt (1), trí “Sceideal 1” a chur in ionad “an Sceideal”, agus

(ii) trí fho-alt (2) a chur in ionad an méid seo a leanas:

“(2) Féadfaidh an tAire, chun críche—

(a) atheagrú scéimeanna,

(b) scriosadh scéimeanna caite,

(c) achomharc a thabhairt do dhaoine i ndáil le hiarratais faoi scéimeanna a d’fhéadfadh a bheith ann, nó

(d) i gcás aon achtachán nó ionstraimí reachtúla, achomharc a thabhairt do dhaoine i ndáil le hiarratais faoi achtacháin nó ionstraimí

reachtúla a d'fhéadfaí a rith nó a dhéanamh (agus ní don am atá leagtha amach i Sceideal 2),

leasú a dhéanamh trí rialacháin Sceideal 1 nó 2, de réir mar is gá, trí mhír a chur le, nó mír a scriosadh ó, aon cheann de na Sceidil sin.",

(b) in alt 7(1) trí "Sceideal 1" a chur in ionad "Sceideal",

(c) tríd an méid seo a leanas a ionsá i ndiaidh alt 14:

"Coiste Achomhairc Foraoiseachta a bhunú agus a fheidhm

14A. (1) Bunóidh an tAire coiste, ar a dtabharfar agus dá dtagraítear san Acht seo mar an Coiste Achomhairc Foraoiseachta, ar a mbeidh cathaoirleach agus cibé daoine agus cibé líon daoine (nach lú ná 2) a chinnfidh an tAire.

(2) Is é an fheidhm a bheidh leis an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta achomhairc a éisteacht agus a chinneadh mar atá sonraithe i bhfo-alt (4).

(3) Beidh oifigeach don Aire incháilithe lena cheapadh mar bhall (cathaoirleach san áireamh) den Choiste Achomhairc Foraoiseachta ach, sa chás gur oifigigh iad formhór na mball (nó na baill ar fad) den Choiste, beidh formhór oifigeach den sórt sin ag grád sinsearach i gcomparáid le grád an oifigigh a rinne an cinneadh, ábhar an achomhairc chuig an gCoiste.

(4) I gcás ina mbeidh duine míshásta le cinneadh ón Aire nó ó oifigeach don Aire faoi achtachán nó ionstraim reachtúil leagtha amach i Sceideal 2, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh leis an gCoiste Achomhairc Foraoiseachta i gcoinne an chinnidh agus, ar éisteacht an achomhairc, féadfaidh an Coiste an cinneadh a dheimhniú, a chealú nó a athrú, mar a shíleann sé is cuí.

(5) Beidh cinneadh an Choiste Achomhairc Foraoiseachta maidir le hachomharc den sórt sin, faoi réir fho-alt (6), críochnaitheach agus dochlóite.

(6) Féadfaidh aon duine a bheidh míshásta le cinneadh an Choiste Achomhairc Foraoiseachta an cinneadh sin a achomharc chun na hArd-Chúirte maidir le haon cheist dlí.",

(d) trí an Sceideal a athuimhriú mar Sceideal 1 agus an Sceideal seo a leanas a ionsá ina dhiaidh:

"Sceideal 2

*Alt 7 d'Acht Foraoiseachta 2014*

Rialachán 3 de Rialacháin (Toiliú agus Measúnú Foraoise) na gComhphobal Eorpach 2010 (I.R. Uimh. 558 de 2010)

Rialachán 3 de Rialacháin (Aerthoirchiú Foraoise) (Foraoiseacht) na gComhphobal Eorpach 2012 (I.R. Uimh. 125 de 2012)".

Leasaíodh Sceideal 2 le IR 219 de 2017 mar a leanas:

*Alt 14A*

Alt 7 den Acht Foraoiseachta seachas deontais a eascraíonn as na scéimeanna luaite
i Sceideal 1.

Rialacháin Foraoiseachta 2017 (I.R. Uimh. 191 de 2017) a mhéid a bhaineann siad le
ceadúnas le haghaidh foraoisiú, leagan crann, tógáil bóithre foraoise nó aerthoirchiú foraoisí.".

## Aguisín C

I.R. Uimh. 193 de 2002

RIALACHÁIN UM ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA 2002

Déanaimse, Joe Walsh, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 7 agus 15 den Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001, na rialacháin seo a leanas:

Comhlua agus Tosach Feidhme

1. (1) Féadfar na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta 2002 a ghairm de na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh ar an 13 Bealtaine 2002.

Mínithe

2. Sna Rialacháin seo-

ciallaíonn "Acht" Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001;

ciallaíonn "achomharc" achomharc faoin Acht;

ciallaíonn "Aonad Achomhairc Cinn agus Préimheanna" Aonad Achomhairc Cinn agus Préimheanna na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe de bhun na Cairte um Chearta d'Fheirmeoirí 1995;

ciallaíonn "fógra achomhairc" fógra achomhairc don Stiúrthóir faoi alt 7(1) den Acht;

ciallaíonn "Coiste Achomhairc REPS" Coiste Achomhairc na Scéime um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe.

Dáileadh tagairtí chuig oifigigh achomhairc.

3. Beidh an Stiúrthóir freagrach as dáileadh na dtagairtí dóibh faoi alt 7 den Acht i measc na n-oifigeach achomhairc agus as breithniú pras tagairtí den sórt sin.

Cinntí ar féidir iad a achomharc agus socruithe idirthréimhseacha.

4. (1) Beidh feidhm leis an gceart achomhairc a shonraítear faoi alt 7 den Acht i ndáil le haon chinneadh tugtha ag oifigeach ón Aire i ndáil le teidlíocht duine faoi aon cheann de na Scéimeanna atá leagtha amach sa Sceideal leis an Acht a chuirtear in iúl don duine sin ar nó i ndiaidh thosach na Rialachán seo seachas cinntí achomhairc an Aonaid Achomhairc Chinn agus Préimheanna agus Coiste Achomhairc REPS i ndáil le cinntí oifigigh ón Aire a rinneadh roimh thosach den sórt sin.

(2) Maidir le daoine ag a raibh, roimh thosach na Rialachán seo, ceart achomhairc fhoirmiúil trí shocrú riaracháin leis an Aonad Achomhairc Chinn agus Préimheanna nó Coiste Achomhairc REPS, beidh ceart achomhairc acu ar feadh tréimhse 3 mhí ó thosach

den sórt sin chun achomharc a dhéanamh leis an Aonad nó leis an gCoiste sin, de réir mar a bheidh, i gcoinne cinntí déanta ag oifigigh ón Aire a bhaineann le Scéimeanna a cuireadh in iúl do na daoine sin roimh an tosach sin.

Achomharc a dhéanamh agus faisnéis atá le cur ar fáil ag an Achomharcóir
5. (1) Beidh aon fhógra achomhairc i scríbhinn.

(2) Faoi réir mhír (3) den Rialachán seo, beidh an t-am inar féidir achomharc a dhéanamh cothrom le haon am suas go dtí deireadh 3 mhí ón dáta inar tugadh fógra d'oifigeach ón Aire maidir leis an gcinneadh don Achomharcóir.

(3) Féadfar achomharc a dhéanamh, sa chás ina measann an Stiúrthóir gur ann d'imthosca eisceachtúla, i ndiaidh na tréimhse dá dtagraítear di i mír (2) den Rialachán seo.

(4) Áireofar i bhfógra achomhairc ráiteas maidir leis na fíricí agus áitithe a bhfuil sé i gceist ag an Achomharcóir brath orthu.

(5) Seolfaidh Achomharcóir chuig an Stiúrthóir, i dteannta leis an bhfógra achomhairc, aon fhianaise dhoiciméadach is mian leis an Achomharcóir a chur ar fáil chun tacú lena (h)achomharc, agus áireofar san fhógra liosta d'aon doiciméid den sórt sin.

(6) Féadfaidh duine ar mian leis achomharc a aistarraingt é sin a dhéanamh trí fhógra i scríbhinn a sheoladh chuig an Stiúrthóir ag cur an méid sin in iúl.

Ní mór fógra maidir le hachomharc agus faisnéis a chur ar fáil.
6.(1) Cuirfidh an Stiúrthóir an tAire ar an eolas faoi gach fógra achomhairc.

(2) Tabharfaidh an tAire, i ndáil le gach fógra achomhairc, don Stiúrthóir –
ráiteas ina léirítear a mhéid is atá na fíricí agus na háitithe curtha chun cinn ag an Achomharcóir á nglacadh nó á ndíospóidiú, agus

aon fhaisnéis, doiciméad nó mír atá faoi chumhacht nó rialú an oifigigh cinnidh atá ábhartha don achomharc.

(3) Féadfaidh an Stiúrthóir an tréimhse a shocrú inar féidir aon ráiteas, faisnéis, doiciméad nó mír dá dtagraítear i mír (2) den Rialachán seo a thabhairt.

Fógra achomhairc.
7. Sa chás go bhfuil fógra achomhairc tugtha don Stiúrthóir cuirfidh sé/sí é sin in iúl d'aon duine eile a mheasann sé nó sí a bhfuil baint aige nó aici leis an achomharc.

Faisnéis bhreise le cur ar fáil agus leasú pléadálacha.
8. Féadfaidh oifigeach achomhairc a bhfuil achomharc curtha faoina bhráid ag am ar bith – a éileamh ar an Achomharcóir, an t-oifigeach cinnidh, nó aon duine eile atá
dar leis an oifigeach achomhairc bainteach leis, breis mionsonraí a chur ar fáil dó nó di, i scríbhinn, maidir leis an achomharc, leasú aon fhógra achomhairc, ráiteas, nó mionsonraí a cheadú ag aon chéim de na himeachtaí, agus an tréimhse chun ráiteas nó mionsonraí den sórt sin a chur ar fáil a shonrú bunaithe ar cibé téarmaí a mheasann sé nó sí atá cuí.

Achomhairc achoimre.
9. Sa chás go bhfuil oifigeach achomhairc den tuairim gur de nádúr é aon achomharc a chuirtear faoina b(h)ráid gur féidir é a chinneadh i gceart gan éisteacht ó bhéal, agus nach bhfuil éisteacht den sórt sin iarrtha faoi alt 8 den Acht, féadfaidh sé nó sí an t-achomharc a chinneadh gan éisteacht den sórt sin.

Éisteachtaí.
10. Sa chás, i dtuairim an oifigigh achomhairc a bhfuil an t-achomharc curtha faoina b(h)ráid nó ar iarratas an Achomharcóra faoi alt 8 den Acht, go bhfuil gá le héisteacht, socróidh an t-oifigeach achomhairc, a luaithe agus is féidir, dáta agus am don éisteacht, agus tabharfar fógra réasúnach maidir leis an éisteacht don Achomharcóir, don oifigeach cinnidh, nó d'aon duine eile ar dócha leis an oifigeach achomhairc baint a bheith aige/aici leis an achomharc.

Teip freastal ar éisteacht.

11. Sa chás, i ndiaidh fógra maidir le héisteacht a thabhairt faoi Rialachán 10 de na Rialacháin seo, go dteipeann ar aon cheann de na páirtithe freastal ar an éisteacht, féadfaidh an t-oifigeach achomhairc a bhfuil an t-achomharc á éisteacht aige nó aici, dá lánrogha féin, cinneadh a dhéanamh leanúint leis an éisteacht nó an éisteacht a iarchur chuig dáta níos déanaí agus áit eile a shocróidh sé nó sí.

Féadfar cinneadh a dhéanamh maidir le hachomharc fiú má theiptear na Rialacháin a chomhlíonadh.

12. Féadfaidh oifigeach achomhairc cinneadh a dhéanamh faoi achomharc a chuirtear faoina b(h)ráid faoin Acht, d'ainneoin teip nó faillí aon duine aon cheanglas de na Rialacháin seo a chomhlíonadh.

Nós imeachta ag éisteacht.

13. (1) Beidh an nós imeachta ag éisteacht faoin Acht á chinneadh ag an oifigeach achomhairc a bhfuil an t-achomharc á éisteacht aige/aici.

(2) Féadfaidh oifigeach achomhairc a bhfuil achomharc á éisteacht aige/aici an éisteacht a chur ar atráth nó a chur ar athló de réir mar a mheasann sé nó sí a bheith cuí.

(3) Féadfaidh oifigeach achomhairc, ag éisteacht achomhairc, glacadh le haon ráiteas scríofa atá údaraithe go cuí nó aon ábhar eile mar fhianaise prima facie ar aon fhíric in aon chás a mheasann sé nó sí a bheith cuí.

Cinneadh Oifigigh Achomhairc.

14. (1)Tabharfaidh cinneadh oifigigh achomhairc aird chuí ar phrionsabail an cheartais aiceanta agus comhlíonfaidh sé le haon reachtaíocht ábhartha agus téarmaí, coinníollacha agus treoirlínte an Aire a bhfuil an Scéim i gceist á rialú acu nó a bhaineann leis an Scéim i gceist.

(2) Beidh cinneadh an oifigigh achomhairc i scríbhinn agus áireofar ann na cúiseanna atá leis an gcinneadh a chuirfear in iúl a luaithe agus is féidir don Achomharcóir, don Aire agus d'aon duine eile lena mbaineann.

TUGTHA faoi mo Shéala Oifigiúil,

An 8 Bealtaine 2002

JOE WALSH TD

---

An tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe

Aguisín D

Reachtaíocht ábhartha eile:

I.R. Uimh. 558 de 2002 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2002

I.R. Uimh. 507 de 2004 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2004

I.R. Uimh. 65 de 2006 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2006

I.R. Uimh. 584 de 2006 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) (Uimh. 2) Rialacháin 2006

I.R. Uimh. 169 de 2008 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2008

I.R. Uimh. 106 de 2012 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2012

I.R. Uimh. 10 de 2014 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2014

I.R. Uimh. 276 de 2015 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2015

I.R. Uimh. 638 de 2018 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2016

I.R. Uimh. 219 de 2017 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2017

I.R. Uimh. 164 de 2018 Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001 (Leasú ar an Sceideal) Rialacháin 2018

I.R. Uimh. 68 de 2018 Rialacháin 2018 an Choiste Achomhairc Foraoiseachta

Tá cóipeanna den reachtaíocht ar fad ar fáil ar an suíomh gréasáin www.agriappeals.gov.ie.

---

[i] *Uimhir* 31 *de* 2014